



Special EU Programmes Body  
Foras Um Chláir Speisialta An AE  
Boord O Owre Ocht UE Projects

## **Comhoibriú**

**2014 - 2020**

Ag ullmhú Clár nua de chuid an AE le haghaidh  
Comhoibriú Trasteorann (INTERREG V) agus  
Clár nua de chuid an AE le haghaidh Síochána  
agus Athmhuintearais (PEACE IV) 2014 - 2020

## **Achoimre ar Fhreagraí ar an gComhairliúchán**

Feabhra 2013



# Clár

<b>CUID 1: RÉAMHRÁ .....</b>	<b>3</b>
1.1 CÚLRA AN PHRÓISIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN .....	3
1.2 FREAGRAÍ AR NA COMHAIRLIÚCHÁIN.....	4
<b>CUID 2: INTERREG V.....</b>	<b>8</b>
2.1 CEACHTANNA A FHOGHLAIM ÓN GCLÁR REATHA .....	8
2.2 TÉAMAÍ.....	14
2.3 AN CEANTAR INCHÁILITHE .....	20
2.4 MEICNÍOCHTAÍ SEACHADTA .....	21
<b>CUID 3: PEACE IV.....</b>	<b>25</b>
3.1 CEACHTANNA A FHOGHLAIM ÓN GCLÁR REATHA.....	25
3.2 TÉAMAÍ.....	38
3.3 MEICNÍOCHTAÍ SEACHADTA.....	49
<b>CUID 4: CEISTEANNA GINEARÁLTA A BHAINNEANN LEIS AN DÁ CHLÁR.....</b>	<b>52</b>
<b>AGUISÍNÍ .....</b>	<b>64</b>
AGUISÍN 1 – LIOSTA IMEACHTAÍ COMHAIRLIÚCHÁIN.....	65
AGUISÍN 2 – LIOSTA FREAGRÓIRÍ COMHAIRLIÚCHÁIN .....	67
AGUISÍN 3 – LIOSTA SMAOINTE TIONSCADAIL A CUIREADH ISTEACH LE HAGHAIDH INTERREG V .....	71
AGUISÍN 4 – LIOSTA SMAOINTE TIONSCADAIL A CUIREADH ISTEACH LE HAGHAIDH PEACE V ...	77

# Cuid 1: Réamhrá

## 1.1 Cúlra an Phróisis Chomhairliúcháin

I mí Aibreáin 2012, thug an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i mBéal Feirste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mBaile Átha Cliath cuireadh don Chomhlacht um Chláir Speisialta AE, ina ról mar Údarás Bainistíochta, tús a chur le hullmhúchán le haghaidh Clár nua de chuid an AE le haghaidh Comhoibriú Trasteorann (INTERREG V) agus Clár nua le haghaidh Síochána agus Athmhuintearais (PEACE IV).

Céim thábhachtach chun an dá chlár a fhorbairt is ea tuairimí páirtithe leasmhara agus an phobail a fháil maidir le cruth agus ábhar na gclár a bheidh ann as seo amach. Chuige sin, bhí comhairliúchán poiblí ann ar feadh tréimhse dhá sheachtain déag ón 28 Lúnasa go dtí an 20 Samhain 2012.

Maidir leis an gClár Trasteorann INTERREG V, tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara tuairimí a chur in iúl maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ceachtanna ón gClár Reatha
- Téamaí le haghaidh INTERREG V
- An Réimse Incháilithe
- Struchtúir Sheachadta INTERREG V

Maidir le Clár PEACE IV, tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara tuairimí a chur in iúl maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ceachtanna ón gClár Reatha
- Téamaí le haghaidh PEACE IV
- Struchtúir Sheachadta PEACE IV

Cuireadh roinnt ceistanna ginearálta, a bhaineann leis an dá chlár agus tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara tuairimí a chur in iúl maidir leis na nithe seo a leanas:


- An Próiseas Iarratais, Measúnachta agus Faofa
- Maoiniú Tionscadail agus Cómhaoiniú
- Ualach an Riaracháin a laghdú
- Comhionannas agus an Comhshaol

Le linn na tréimhse seo, d'eagraigh SEUPB 8 n-ócáid comhairliúcháin agus ghlac sé páirt i 12 ócáid eile eagraithe ag páirtithe leasmhara. Le linn na n-ócáidí seo cuireadh in iúl do pháirtithe leasmhara an dóigh le freagairt don chomhairliúchán poiblí agus tugadh léargas ar dhréacht-Rialacháin reatha an AE a rialóidh bainistíocht agus seachadadh Chláir Chríche na hEorpa. Ghlac beagnach 1000 duine páirt sna hócáidí seo. Tá liosta iomlán de na hócáidí seo ar fáil in Aguisín 1.

## 1.2 Freagraí ar na Comhairliúcháin


I ndiaidh dhruidim an phróisis chomhairliúcháin fuarthas 173 freagra scríofa san iomlán. Baineann bunús na bhfreagraí le Clár PEACE, agus bhí 76 ceann a d'fhreagair ceisteanna ar an gclár seo amháin. Baineann 48 freagra san iomlán le Clár INTERREG agus baineann 49 freagra leis an dá chlár. Féach Fíor 1.

**Fíor 1: Freagraí ar na Comhairliúcháin de réir Clár**




Tháinig bunús na bhfreagraí, 103 acu, ó eagraíochtaí ó Thuaisceart Éireann, agus 48 freagra ó Éirinn agus 13 acu ó eagraíochtaí in Albain. Fuarthas 9 bhfreagra san iomlán ó eagraíochtaí trasteorann. Féach Fíor 2.

## Fíor 2: Freagraí ar na Comhairliúcháin de réir Ceantair




Ag amharc ar na freagraí ar chlár INTERREG de réir ceantair, tháinig 44% ó Thuaisceart Éireann agus 27% ó Albain, 19% ó Éirinn agus 10% ó eagraíochtaí Thuaidh/Theas.

## Fíor 3: Freagraí ar Chomhairliúcháin INTERREG de réir Ceantair



Tháinig na freagraí a fuarthas ó raon eagraíochtaí, agus ba ó earnáil rialtais áitiúil a tháinig a mbunús isteach, agus an earnáil phobail agus dheonach ina dhiaidh sin. Fuarthas freagraí freisin ó pháirtithe polaitiúla, ó ghníomhaíochtaí rialtais, ó earnáil an oideachais, ó earnáil na hóige, ó eagraíochtaí gnó agus ó chomhpháirtithe reatha tionscnamh.

## Fíor 4: Freagraí ar na Comhairliúcháin de réir Eagraíochta



De réir an tiomantais ó SEUPB, chun achoimre a thabhairt ar fhreagraí ar an gcomhairliúchán laistigh de thrí mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse comhairliúcháin, chuir SEUPB an cháipéis seo ‘Achoimre ar Fhreagraí ar an gComhairliúchán’ amach.

Tá sé mar aidhm ag SEUPB an achoimre seo a sholáthar ar bhealach cothrom agus comhsheasmhach, agus ar bhealach a thugann blas de na freagraí a fuarthas. Léiríonn an achoimre ar fhreagraí ar Chlár PEACE méid agus sonraí na bhfreagraí a fuarthas. Léirigh roinnt aighneachtaí miontaighde agus mionchomhairliúchán déanta ag eagraíochtaí áirithe agus mar gheall ar nádúr cáilíochtúil na gceisteanna atá á bplé is amhlaidh go bhfuil achoimre níos mionsonraithe ann.

Tá sé tábhachtach an cháipéis a léamh ina hiomláine as siocair go bhfuil na tuairimí rangaithe de réir na ceiste is oiriúnaí agus is féidir gur cuireadh na freagraí a thug tú isteach mar fhreagra ar cheist eile. Má mheasann tú, áfach, nár cuireadh tuairimí ar bith de do chuid isteach mar is iomchuí, cuir an méid sin in iúl do SEUPB trí ríomhphost a chur chuig: [consultation@seupb.eu](mailto:consultation@seupb.eu)

Tá liosta na bhfreagróirí ar fáil in Aguisín 2. Is féidir na freagraí ar an gcomhairliúchán, chomh maith le nótaí faoi na cruinnithe maidir le comhairliúcháin phoiblí, eagraithe ag SEUPB, le feiceáil ar láithreán Gréasáin SEUPB ar:

<http://www.seupb.eu/2014-2020Consultation/feedback.aspx>

### **An Chéad Chéim Eile**

Amharcfaidh SEUPB ar na freagraí uile ar chomhairliúchán agus ar Chláir Oibriúcháin INTERREG V agus PEACE IV á ndruchtú aige. Déanfar na cláir seo a fhorbairt sna míonna atá romhainn. Le linn an phróisis dréachta, Measúnacht Ex Ante, tabharfar faoi Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnacht Tionchair Chomhionannais ar an dá dhréacht-Chlár Oibriúcháin. Beidh comhairliúchán poiblí reachtúil eile ann, agus beidh deis ag an bpobal tuairim a léiriú faoi na dréacht-Chláir Oibriúcháin, na Measúnachtaí Straitéiseacha Comhshaoil agus na Measúnachtaí Tionchair Chomhionannais. Is dócha go mbeidh an dara comhairliúchán ann sa tríú ráithe de 2013.

#### **Séanadh**

Léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil sa cháipéis seo na tuairimí a bhí sna freagraí comhairliúcháin a fuarthas. Ná glactar leis gurb ionann na tuairimí atá sa cháipéis seo agus tuairimí an Chomhlachta um Chláir Speisialta AE.

## Cuid 2: INTERREG V

### 2.1 Ceachtanna a Fhoghlaim ón gClár Reatha

**Ceist 1a: Más rud é go bhfuil tú páirteach i maoiniú INTERREG i láthair na huaire, déan an t-eispéireas atá agat a roinnt maidir le tionchar an chláir ar an réigiún trasteorann.**

#### Tionchar Dearfach INTERREG IV

Maidir le peirspictíocht eacnamaíoch de, cuireadh in iúl sna haighneachtaí go raibh tionchar suntasach ag an gclár ar an réigiún incháilithe. Chruthaigh sé poist ardoilte a bhfuil tuarastal maith ag dul leo sa gheilleagar áitiúil agus chuir sé seo le hathghiniúint inbhuanaithe sa gheilleagar i gceantair thuaithe. Cuireadh in iúl i gcuid mhór freagraí gníomhaíocht mhéadaithe sa gheilleagar, naisc mhaithe i gcúrsaí gnó a bheith cruthaithe, forbairt mhéadaithe i gcúrsaí gnó, láimhdeachas agus brabúsacht mhéadaithe le haghaidh cuideachtaí áitiúla mar thionchair shuntasacha de chuid an chláir.

Cuireadh in iúl in aighneachtaí gur éirigh leis an gclár i gceantair áitiúla sa réigiún incháilithe agus is amhlaidh go raibh tionchar ar an talamh níos mó ag na tograí a raibh an luach is airde ag baint leo. Áirítear leis na tograí a raibh tionchar dearfach acu ar na réigiúin a ghlac páirt ann ná Kelvin, an tionscadal CAWT (Co-Operation and Working Together), Sail West, Tradelinks agus Women into Public Life. Tuairiscíodh freisin gur cuireadh leis feasacht agus tuiscint ar cheisteanna téamacha, ar nós na turasóireachta, forbairt scileanna agus fuinnimh sa cheantar trasteorann mar gheall ar an gclár.

Tuairiscíodh, mar gheall ar an gclár, go rabhthas in ann tionscadail nuálacha trialach a chur ar bun, tionscadail nach bhfaigheadh maoiniú go hiondúil ón Rialtas as siocair nach raibh siad deimhnithe agus cuireadh tuairimí in iúl gur cheart don chláir nua leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige seo.

Tuairiscíodh freisin mar gheall ar an gclár gur éascaíodh sárleibhéil den chomhoibriú trasteorann agus gur mhéadaigh sé sin caidrimh sna réigiúin, go háirithe idir ranna rialtais, gníomhaíochtaí, an earnáil phoiblí go ginearálta agus earnálacha eile.



Ó thaobh na geografaíochta de, thuairiscigh comhpháirtithe áirithe as Albain gur baineadh an bonn de thionchair dhearfacha a d'fhéadfaí a bheith ann mar gheall ar ghairmeacha druidte agus easpa infheistíochta ag an gClár in Iarthar na hAlban. Thuairiscíodh nach raibh tionchar mór ag an gClár ar mhórchéantar Bhéal Feirste (réigiún COMET).

Tuairiscíodh i gcuid mhór freagraí eárnála ar an tionchar a bhí ag an gclár ar a eárnáil féin. Mar shampla, bhí tionchar dearfach aige ar dhaoine a bhfuil lagú déchéadfach orthu toisc gur cruthaíodh struchtúr maith sóisialta mar gheall air, chomh maith le rochtain níos fearr ar sheirbhísí agus rannpháirtíocht níos láidre ón bpobal. D'éascaigh an clár méadú ar othair agus ar ghairmithe sláinte atá ag obair i ndlínsí áirithe taisteal trasteorann a dhéanamh.

## **Dúshlán a bhaineann le Tionchar INTERREG IV a mheas**

Cuireadh in iúl i gcuid de na haighneachtaí go bhfuil sé doiligh, ag an bpointe seo, tionchar an chlár a mheas, as siocair gur cuireadh tús le cuid mhór de na tionscadail níos moille ná mar a bhíodas ag dúil leis, mar gheall ar mhoilleadóireacht san fhaomhadh, agus níor cuireadh tús le líon suntasach de na tionscadail go dtí an trian deireanach de thréimhse an chlár. Thuairiscíodh in aighneachtaí eile go bhféadfadh tionchar níos dearfaí a bheith ag an gclár dá dtabharfaí tuilleadh féinrialach d'údarás áitiúla riachtanais maidir le hacmhainní ina bpobail a shainiú, a mheas agus a phleanáil (de réir mar ab amhlaidh le Comhpháirtíochtaí PEACE).

## **Ceist 1b: Roinn do thuairimí maidir leis na nithe a n-éiríonn leo agus na nithe a d'fhéadfaí a fheabhsú sa chlár reatha.**

### **Nithe a n-éiríonn leo**

Tá sé curtha in iúl i mbunús na n-aighneachtaí go n-éiríonn go maith le tuairimí a roinnt agus leis na gnéithe comhoibrithe den chlár, in éineacht le cur chuige coitianta chun dul i ngleic le fadhbanna sna réigiúin trasteorann. Chonacthas gur cuidiú mór é an Clár maidir le cúram sláinte a chur chun cinn ar bhonn trasteorann chomh maith le comhoibriú trasteorann a fhorbairt san eárnáil acadúil. Mar gheall ar an gclár, bhíodas in ann roinnt seachtairbhí a fhorbairt idir tionscadail agus tá moltaí ann gur cheart forbairt a dhéanamh ar an obair seo, agus SEUPB ag cuidiú le trastoirciú ar thionscadail.

Den chéad uair, áiríodh Iarthar na hAlban i gClár INTERREG IVA 2007 - 2013 agus i gcuid mhór de na freagraí as na réigiúin incháilithe is amhlaidh gur tacaíodh go mór le hAlbain a bheith ann. Thug comhpháirtithe na hAlban smaointe nua agus bealaí nua oibrithe isteach sa chlár.

Cuireadh in iúl in aighneachtaí ó Albain agus ón réigiún incháilithe gur éirigh go geal leis an gCóras Pointe Teagmhála Náisiúnta in Albain, agus cuireadh in iúl i gcuid mhór acu gur cheart Córas Pointe Teagmhála a chur chun feidhme in áiteanna eile sa cheantar incháilithe le cuidiú le cuardach a dhéanamh ar chomhpháirtithe. Chuir eagraíochtaí áirithe in iúl go mbeadh sé le leas an chórais NCP (Pointe Teagmhála Náisiúnta) in Albain a bheith curtha isteach in eagraíocht neamhspleách, nó le Rialtas na hAlban agus ní le heagraíocht atá san iomaíocht freisin le haghaidh maoinithe ó INTERREG.

Tuairiscíodh i gcuid mhaith de na haighneachtaí ó Albain go raibh an ráta ard ionchuir ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) de 75% luachmhar (i gcomparáid leis na rátaí ERDF i gcláir eile de chuid an AE). £9m an t-ionchur atá ag Albain sa chlár agus meastar go bhfuil sé seo go maith, nuair a chuirtear san áireamh na deacrachtaí a bhaineann le cómhaoiniú 25% a fháil agus a choinneáil.

I dtaca leis an bpróiseas seo, cuireadh in iúl in aighneachtaí go bhfuil ag éirí leis na struchtúir thuairiscithe, ar nós tuairiscí ar dhul chun cinn a sholáthar, le húsáid táscairí agus leis an mbunachar sonraí cumarsáide. Meastar go bhfuil an oiliúint atá curtha ar fáil ó SEUPB dearfach, go háirithe maidir le soláthar. Tuairiscíodh freisin go raibh tairbhe le baint as an ról a bhí ag SEUPB agus é ag feidhmiú mar bhealach chun idirphlé a dhéanamh le Coimisiún na hEorpa.

Chuir freagróirí áirithe in iúl gur éirigh go maith leis an gcaidreamh idir SEUPB agus na Rannóga Cuntasacha, agus thuairiscigh cuid eile gur bealach nua lán fuinnimh a bhí i gcur chuige comhoibríoch SEUPB. Chuir cuid de na freagróirí in iúl go bhfuil gá le hacmhainní leordhóthanacha a chinntiú in SEUPB lena áirithiú gur féidir leis an bhfoireann díriú ar bhainistiú cáis.

Thuairiscigh cuid mhór freagróirí go bhfuil ag éirí le ról na nGrúpaí Trasteorann mar éascaitheoir le haghaidh na n-údarás áitiúil, agus gurb amhlaidh atá an scéal leis an ról atá acu chun an réigiúin a phróifíliú ar fud na hEorpa.

Thuairiscigh cuid mhór freagróirí go bhfuil an inbhuanaitheacht i dtionscadail INTERREG IVA i bhfad níos fearr ná INTERREG IIIA.

### **Feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur chun feidhme**

Maidir le feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur chun feidhme sa chlár reatha tugadh le fios i mbeagnach gach freagra na leibhéil arda mhaorlathais sa chlár chomh maith leis an am a ghlacann sé le tionscadail a mheas agus a fhaomhadh. Bhí comhaontú ann go ginearálta gur cheart na leibhéil arda mhaorlathais sa chlár a laghdú agus gur cheart córas faofa a bheith ann atá in ann freagra a thabhairt ar bhealach níos éifeachtúla agus níos oiriúnaí d'iarratasóirí ar thionscadail.

### **An Próiseas Iarratais, Measúnachta agus Faofa**

Cuireadh in iúl i gcuid mhór freagraí feabhsuithe ar an bpróiseas iarratais. Baineann moltaí le tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil d'iarratasóirí ar thionscnaimh chun tionscadail a fhorbairt, trí chóras Pointe Teagmhála Náisiúnta, b'fhéidir, nó trí shaoráid chuardaigh chomhpháirtithe. Cuireadh in iúl freisin gur cheart tréimhse ama níos faide ullmhúcháin a bheith ann, roimh ghairmeacha ar iarratais, agus go bhféadfaí córas um léiriú spéise a thabhairt isteach. Moladh gur cheart clár ama a úsáid chun na huaireanta a léiriú ina mbeadh gairmeacha ann trí shaolré an chlár. Iarradh i gcuid de na haighneachtaí gur cheart do ghairmeacha a bheith ina ngairmeacha oscailte agus tagraíodh i gcuid mhór de na freagraí don ghá atá le cur chuige níos comhsheasmhaí i dtaca leis an bpróiseas iarratais agus measúnachta de.

Léiríodh an próiseas measúnachta agus faofa sa chuid is mó de na freagraí mar réimse ina bhféadfaí feabhsuithe a chur chun feidhme. Measann tromlach freagróirí go bhfuil an próiseas cinnteoireachta agus an fad ama a ghlacann an próiseas do-ghlactha. Iarradh i gcuid de na freagraí gur cheart tuilleadh acmhainní a dháileadh ar SEUPB le cuidiú leis an bpróiseas measúnachta, agus iarradh i gcuid eile gur cheart acmhainní iomchuí a bheith ag SEUPB.

Bhí barúil ann go forleathan go bhféadfaí an córas um breithmheas eacnamaíochta a fheabhsú. Bhí líon ard de fhreagraí inar iarradh aon struchtúr cinnteoireachta a d'fhéadfaí a úsáid chun tionscadail a fhaomhadh agus gur cheart don phróiseas seo ról na Rannóg Airgeadais a chur san áireamh. Chuir freagróirí áirithe in iúl nár cheart do ról Rannóga an Rialtais bac a chur ar an bpróiseas. Iarrtar i gcuid mhór de na freagraí gur cheart machnamh

a dhéanamh ar Rannóg Airgeadais amháin a úsáid i ngach dlínse le gach maoiniú ERDF agus cómhaoiniú a láimhseáil. Maidir leis an bpróiseas faofa freisin, moladh i gcuid de na freagraí gur cheart baint a bheith ag níos mó saineolaithe ó earnálacha áirithe leis an gCoiste Stiúrtha nuair atá iarratais theicniúla á bplé.

Cuireadh in iúl in aighneachtaí áirithe gur cheart ualú níos airde a thabhairt do thionscadail a bhaineann leis na trí dhlínse sa cheantar incháilithe, agus moladh i dtionscadail eile nár cheart ach an rogha chun tionscadail dhéthaobhacha idir Albain agus Éire amháin a fhiosrú. Mhol freagróirí áirithe freisin úsáid a bhaint as maoiniú ón earnáil phoiblí mar chómhaoiniú.

### **Monatóireacht ar thionscadail**

Maidir le faomhadh réamhthionscadail agus monatóireacht, moladh i líon beag de na freagraí gur cheart solúbthacht níos fearr a thabhairt do thionscadail áirithe chun a n-aschuir a bhaint amach. Ba cheart tuilleadh monatóireachta a dhéanamh ar raon na dtionscadail agus tá tuilleadh treorach de dhíth chun measúnachtaí a dhéanamh ar thionscadail. Ba cheart níos mó deiseanna a bheith ar fáil do thionscadail atá faofa chun teacht le chéile agus taithí agus smaointe a roinnt. Moladh i bhfreagraí eile gur cheart don Chlár níos mó úsáide a bhaint as acmhainní ar líne chun tuairisciú agus bhí moltaí eile ann leis an dóigh a bhféadfaí Bunachar Sonraí an Chláir, Systems 2007, a úsáid níos fusa.

### **Seachadadh**

Maidir le ceist seachadta, tugadh faoi deara go ndéantar codanna den chlár a sheachadadh trí ghrúpaí uileghabhálacha. Chuir freagróirí áirithe ón rialtas áitiúil in iúl go gcuireann sé seo le leibhéal eile maorlathais gan luach sa bhreis a chur leis. Bhí roinnt freagraí ann a d'iarr gur cheart an clár nua a dháileadh ar Chomhairlí a bhíonn chun tosaigh sna hiarratais gan an maorlathas breise a bhainfeadh le grúpa eile maoirseachta agus go mbeadh foireann bhreise ar fáil chun an clár a thabhairt chun tosaigh. Tuairiscítear go ndearnadh é seo go sásúil le maoiniú i bhforbairt na tuaithe agus mar gheall ar dháileadh an mhaoinithe seo ón gciste seo, bhí Comhairlí in ann pleanáil iomchuí a dhéanamh.

Cuireadh in iúl i roinnt freagraí go bhféadfaí ról an Phríomh-Chomhpháirtí a fheabhsú. Ba cheart don phríomh-chomhpháirtí a bheith in ann cinntí a ghlacadh agus níor cheart a bheith air dul siar chuig SEUPB ar mhaithe le cinntí a dhéanamh. Moladh gur cheart tuilleadh oiliúna a bheith ar fáil le haghaidh tionscadal, go háirithe le haghaidh Príomh-Chomhpháirtithe.

Tagraíodh i gcuid mhór de na freagraí do na hathruithe atá a á ndéanamh ar an rialtas áitiúil i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann. Cuireadh in iúl i bhfreagraí go mbeadh sé tábhachtach na struchtúir nua agus na cumais nua atá ag na húdaráis áitiúla a thuiscint nuair atá breithniú á dhéanamh ar bhainistíocht agus ar sheachadadh chlár nua INTERREG VA.

## **Cumarsáid**

Moladh i roinnt de na haighneachtaí go bhféadfaí próifíl an Chláir agus SEUPB a fheabhsú, go háirithe in Albain. Measadh in aighneachtaí eile gur neamhleor a bhí nádúr, doimhneacht agus fad na rannpháirtíochta ag SEUPB. Moladh i roinnt de na freagraí go bhfuil gá le comhpháirtíocht níos fearr a bheith ann idir SEUPB, DFP agus na hÚdaráis Áitiúla.

Moladh go bhféadfaí tabhairt faoi shuirbhé ar thionscadail fhaofa chun tuairimí a fháil ar fheabhsuithe ar an bpróiseas. D'fhéadfaí cumarsáid a fheabhsú trí ICT agus modhanna eile cumarsáide a úsáid. Meastar go minic go mbíonn sé doiligh rochtain a fháil ar an gclár, go háirithe ag an tríú leibhéal. Ba cheart leanúint leis an bhfócas, ní amháin ar na saincheisteanna eacnamaíochta, ach ar thógáil a dhéanamh ar an rath a bhí ar thionscadail um chuimsiú sóisialta sa chlár reatha.

## **Rialachas**

Fuarthas roinnt moltaí a bhaineann le socruithe rialachais don chlár. Moladh i gcuid de na freagraí gur cheart Bord tríphárteach Stiúrthóirí / Grúpa Bainistíochta a bheith ann, cosúil leis an gceann atá ag an gClár Forimill Thuaidh chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú an chláir sin. Moladh i bhfreagraí eile gur cheart ról níos gníomhaí a bheith ag Coiste Monatóireachta an Chláir chun dea-rialachas agus cur chun feidhme an chláir a chinntiú.

## **Téamaí**

Baineann feabhsuithe eile le téamaí an chláir agus leis an ngá atá lena áirithiú go bhfuil comhlántacht idir na cláir mhaoinithe agus grúpaí eile san earnáil phoiblí atá ag feidhmiú sa réimse céanna. Tugtar faoi deara go bhfuil sé seo ábhartha maidir le saincheisteanna eacnamaíochta agus fostaíochta ach go háirithe. Moladh freisin, nuair a shainítear ceithre chuspóir théamacha an chláir, go bhfuil gá le hoiliúint ar thionscadail a fhorbairt sna téamaí seo, trí úsáid a bhaint as sraith straitéisí measúnachta tionchair trasteorann.

**Ceist 1c: Más rud é nach raibh tú páirteach i gclár INTERREG, an féidir leat constaicí ar bith ar do rannpháirtíocht a shainaithint agus**

## **do thuairimí faoin dóigh ar féidir aghaidh a thabhairt orthu a chur in iúl?**

Cé gur cuireadh an cheist seo ar gheallsealbhóirí nach raibh páirteach, fuarthas líon ard freagraí uathu siúd a bhí páirteach.

Léirigh freagróirí as Albain gur chruthaigh cúinsí eacnamaíochta fadhbanna maidir le cómhaoiniú a fháil agus gur constaic é sin ar rannpháirtíocht.

Meastar gur constaic ar rannpháirtíocht sa chlár é an méid ama a thógann an próiseas faofa, chomh maith leis an infheistíocht ama atá de dhíth chun iarratais ar thionscadail a ullmhú. Tuairiscítear go mbíonn ‘eagla’ ar thionscadail fhaofa áirithe tionscadal a sheachadadh de bharr shaincheisteanna caiteachais neamhincháilithe a d’fhéadfadh teacht chun cinn as ina dhiaidh. Deirtear freisin gur constaic ar rannpháirtíocht sa chlár iad na rialacha a bhaineann le soláthar poiblí nach mór do na tionscadail cloí leo mar chonstaic.

## **2.2 Téamaí**

### **Ceist 2a: Cad iad na fadhbanna/ ceisteanna/ deiseanna sa réigiún trasteorann a dtugann clár trasteorann nua INTERREG V aghaidh orthu ar an mbealach is fearr?**

#### **Tionchar an chúlaithe eacnamaíochta**

Ceantar tuaithe agus geilleagar mór tuaithe is ea an ceantar incháilithe, a raibh tionchar díréireach ag an gcúlú eacnamaíochta air. Bítear ag brath barraíocht ar thionscail thraidisiúnta ar nós na feirmeoireachta, na déantúsaíochta agus na talmhaíochta ar scála beag. Tá líon ard de mhionghnólachtaí i gceantar an chlár. Tá geilleagar an cheantair spealta, tá leibhéal ísle nuálaíochta, is doiligh teacht ar mhaoiniú le haghaidh Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus tá leibhéal ísle taighde agus forbartha ann. Tagraítear i mbunús na bhfreagraí don dífhostaíocht mar an cheist is mó sa réigiún agus moltar iontu gur cheart don chlár a bheith dírithe ar dhul i ngleic leis an dífhostaíocht agus le tacaíocht a chur ar fáil d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, go háirithe do mhiontionscail. I measc na gceisteanna eile ar cheart dul i ngleic leo: imirce daoine oilte a laghdú agus dul i ngleic le cailleadh na dtionscail traidisiúnta.

## **Nascacht**

Cuireadh in iúl gur fadhb í imeallacht cheantar an chláir agus tá sé sin le feiceáil sa leibhéal íseal nascachta sna réigiúin, go háirithe maidir le cúrsaí iompair, le ICT agus le leathanbhanda tuaithe agus bhí tionchar diúltach aige sin ar fhorbairt ghnó, ar ríomhsheirbhísí rialtais agus ar rochtain oideachais. Chuir freagróirí in iúl gur fadhbanna móra iad an easpa rochtana ar sheirbhísí freisin, agus eisiámh sóisialta, atá forleathan sa cheantar incháilithe.

## **Sláinte**

Cuireadh in iúl i gcuid de na freagraí go bhfuil nasc díreach idir sláinte an phobail agus sláinte na timpeallachta nádúrtha, agus gur cheart don chlár díriú ar a chinntiú agus, dá bhrí sin, gur cheart don chlár díriú ar cháilíocht agus ar bhainistíocht an uisce, ar an timpeallacht nádúrtha a chosaint, ar bhainistíocht talún agus ghnáthóige a fheabhsú ar bhonn trasteorann agus ar laghdú a dhéanamh ar an lorg a fhágann an ceantar incháilithe ar an gcomhshaol a chinntiú. Aithníodh gur fadhb eile sa réigiún é ídiú fuinnimh.

Moladh i bhfreagraí eile gur cheart díriú ar dhul i ngleic le míchothromaíochtaí i gcúrsaí sláinte i gceantar an chláir de bharr na fianaise atá ann go bhfuil nasc idir díothacht agus drochshláinte. Tagraíodh i roinnt de na freagraí do Threoir nua an AE maidir le sláinte thrasteorann, rud a thiocfaidh i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2013. Léirítear ann go bhfuil sé de cheart ag saoránaigh an AE cúram sláinte a fháil i Stáit eile an AE agus is dócha go mbeidh tionchar aige sin ar an gceantar trasteorann.

## **Forbairt Réigiúnach**

Cuireadh in iúl i bhfreagraí áirithe nár tuigeadh mar is ceart na féidearthachtaí a bhaineann le forbairt réigiúnach sa cheantar trasteorann a chomhordú agus a ghíaráil. Cuireadh in iúl i gcuid de na freagraí nach mór don chlár díriú ar chúrsaí taighde. Dea-phleanáil spáis a dhéanann tacú agus spreagadh ar fhorbairt atá dírithe ar an todhchaí agus ar fhorbairt idirnáisiúnta is ea tuiscint a fháil ar an gcoincheap a bhaineann le comhtháthú críche. Ba cheart tacú le planáil spáis (ag díriú ar pholasaí agus ar chleachtas araon).

Tá easpa sonraí trasteorann freisin. Mar gheall air sin, tá sé doiligh monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh ar thionchair ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha. Tá gá freisin le díriú isteach ar chiallú sonraí agus ar anailís a dhéanamh orthu as siocair go bhfuil an ceantar 'saibhir ó thaobh sonraí de ach bocht ó thaobh tuisceana de'.

## **Deiseanna**

Maidir leis na deiseanna sa cheantar incháilithe, tagraítear i gcuid mhór de na freagraí do réimse earnálacha a bhféadfaí úsáid a bhaint astu tríd an gclár. Ina measc siúd, tá: turasóireacht mhuirí, turasóireacht ghlas, fuinneamh, an comhshaol agus oidhreacht chultúrtha.

Moltar sna haighneachtaí nach mór do na cláir díriú ar thionscnaimh atá in ann daoine in aois fostaíochta, go háirithe daoine óga, a choinneáil sa cheantar incháilithe. Maidir leis sin, tá gá le scileanna a choinneáil agus a mhéadú mar phríomhthiománaí ionas go n-éireoidh leis an ngeilleagar agus leis na deiseanna saoil atá ag daoine aonair a mhéadú.

Moladh i líon ard de na freagraí go bhfuil deiseanna sa cheantar trasteorann chun nuálaíocht a chur chun cinn, trí naisc mhéadaithe a bhunú idir earnáil an ghnó agus institiúidí taighde tríú leibhéal. Tagraíodh i roinnt freagraí gur cheart acmhainní nádúrtha an réigiúin a shaothrú trí fhuinneamh easchósta, trí fhuinneamh gaoithe agus trí fhuinneamh tonnta.

## **Ceist 2b: Cén cineál athraithe ba cheart do chlár INTERREG V féachaint le tabhairt isteach maidir leis na fadhbanna/ceisteanna/deiseanna seo?**

Cuireadh tuairimí ginearálta in iúl maidir leis an gcineál athraithe ba cheart do chlár INTERREG V féachaint le tabhairt isteach:

- Is féidir leis an gclár a bheith mar chatalaíoch le haghaidh athruithe trí athghiniúint shóisialta agus eacnamaíoch.
- Léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le daoine sa cheantar incháilithe.
- Ba cheart dul i ngleic le nádúr scoilte na seirbhísí i réigiún na teorann.
- D'fhéadfadh sé cuidiú le naisc níos fearr a chruthú ar fud na hEorpa.

### **Geilleagar**

'Ba cheart ceist an gheilleagair a bheith chun tosaigh sa chlár'. Cuireadh in iúl i gcuid mhór de na freagraí gur cheart don chlár díriú ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair - is cuma méid na bhfiontar sin - chun geilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a athnuachan, a atógáil agus a athchothromú. Léiríodh an tábhacht a bhaineann le hathoiliúint a chur ar dhaoine óga chomh maith leis an ngá atá le díriú isteach ar chruthaitheacht fiontraíochta. Chuir freagróirí in iúl gur gá cabhrú le gnólachtaí dúchasacha a dhéanamh níos nuálaí, níos



saineolaí agus níos ábalta tabhairt faoi thaighde agus faoi fhorbairt toisc nach bhfuil mórán infheistíochta ag teacht isteach ón taobh amuigh. Ardaíodh an tuairim maidir le hionad barr feabhais i gcúrsaí taighde trasteorann a bhunú mar bhealach chun taighde agus forbairt a fheabhsú sa cheantar incháilithe.

## **Nuálaíocht**

Bainteach leis seo a bhí téama na nuálaíochta agus go háirithe tógáil comhpháirtíochtaí trasteorann nuálaíochta i réimsí nua amhail: nuálaíocht mhuirí, bithchógaisíocht, teicneolaíochtaí leighis, fuinneamh in-athnuaite (adhmad, gaoth ón bhfarraige, fuinneamh tonnta), tionscadail chruthaitheacha, leathanbanda, etc agus úsáid acmhainní nádúrtha.

Ní mór don chlár na leibhéil nuálaíochta a mhéadú ionas go mbeidh na réigiúin níos iomaíche, agus go mbeidh níos mó fócais ar an easpórtáil a chruthóidh fás sa gheilleagar agus fostaíocht mhéadaithe. Is féidir le ról níos fearr a bheith ag ICT maidir leis an ngeilleagar a fheabhsú as siocair go mbíonn an earnáil seo de shíor ag troid in éadan an chúlaithe eacnamaíochta. Bheadh rochtain níos fearr ar ICT sa cheantar incháilithe ina cuidiú ollmhór sa chás seo.

## **An comhshaol agus fuinneamh**

Léiríodh an tábhacht a bhaineann leis an gcomhshaol a chosaint agus iarradh i gcuid de na freagraí ar an gclár cuidiú le deireadh a chur le cailleadh na bithéagsúlachta agus cuidiú le riachtanais an AE agus leis na riachtanais idirnáisiúnta 15% den éiceachóras a athshlánú faoi 2020.

Iarradh i gcuid mhór mhaith de na freagraí tionscadail a chur ar fáil i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Ní hé amháin go gcuideodh siad leis an gcomhshaol a chosaint, agus sholáthródh siad buntáistí fostaíochta, dhéanfaí sainscileanna a fhorbairt agus chuirfí forbairt chun cinn sa gheilleagar. Luadh go raibh na féidearthachtaí eacnamaíochta a bhaineann le fuinneamh a fhorbairt agus a stóráil mar théama ábhartha ar cheart breithniú a dhéanamh air.

## **Sláinte**

Ardaíodh an téama a bhaineann le sláinte a chur chun cinn chomh maith leis an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag an gclár maidir le míchothromaíochtaí sláinte a laghdú. Mar a léiríodh, bhí naisc láidre idir sláinte mhaith fhisiciúil agus intinne agus an timpeallacht nádúrtha. Cuireadh in iúl freisin an ról nua agus an tábhacht a bhaineann le 'ríomhshláinte', ní amháin ar mhaithe leis na buntáistí soiléire a bhaineann le seirbhísí níos

éifeachtúla sláinte, ach i gcás an chumais atá ag 'ríomhshláinte' deiseanna a chruthú d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta. Cuireadh in iúl go bhfuil úsáid ICT go fóill ar an imeall agus, mar gheall ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn, ar nós aosú an phobail, tá gá leis an obair seo a chuíchóiriú agus d'fhéadfadh an clár cuidiú leis sin sa cheantar incháilithe.

## **An Geilleagar Tuaithe**

Mar gheall ar an nádúr mór tuaithe atá ag ceantar an chláir agus mar gheall ar an tírdhreach athraitheach sa ceantar tuaithe, ba cheart don chlár díriú ar fhostaíocht a mhéadú i gceantair thuaithe agus ar iompar trasteorann a chur chun cinn. Moladh freisin gur cheart don chlár deis a thabhairt chun gnóthachtáil oideachais, cúram agus folláine agus táirgiúlacht eacnamaíoch a sholáthar trí infheistíocht a dhéanamh i soláthar cúram leanaí. Luadh freisin gur seirbhís é cúram sláinte faoin tuath, seirbhís a ligeann do theaghlaigh ar fud an AE páirt a ghlacadh i saol an gheilleagair, i saol sóisialta agus i saol polaitiúil.

## **Eile**

Luaigh freagróirí áirithe eárnálacha éagsúla ar cheart don chlár díriú orthu: turasóireacht, cultúr, acmhainní cruthaitheacha, an geilleagar glas, scileanna, oideachas agus fiontraíocht, nascacht - iompar agus cumarsáid. Cuireadh in iúl an tábhacht a bhaineann le cultúr agus le hoidhreacht don réigiún i gcuid mhór de na freagraí, luadh an teanga dhúchais agus an gá atá le hiarrachtaí ealaíon, le beocht chultúrtha agus le caomhnú an chomhshaoil chun comhtháthú sóisialta a sheachadadh.

## **Ceist 2c: Agus aird á tabhairt agat ar na freagraí a thug tú ar Cheist 2a agus ar Cheist 2b, cad iad na ceithre chuspóir, ó liosta na gcuspóirí téamacha, ba cheart a bheith sa chlár nua?**

San anailís ar na freagraí ar an gceist seo, bhí sé soiléir nach raibh tuairimíocht chomhsheasmhach ar bith ann maidir leis na ceithre théama le haghaidh chlár INTERREG. Thacaigh geallsealbhóirí le scéimeanna bunaithe ar a gcuid saineolais féin agus ar an réimse eárnála a raibh spéis acu féin ann. Léiríonn sé sin na deacrachtaí a bhaineann le ceithre théama amháin a roghnú.

Seo a leanas na téamaí a fuair an méid is mó tacaíochta:

- **Cuspóir Téamach 3 - Iomaíochas na bhFiontar Beag agus Meánmhéide** (aithnítear i gcuid mhór de na freagraí go bhfuil gá le difríocht a léiriú idir obair INTERREG agus obair na gclár eile sa cheantar, má roghnaítear an cuspóir seo).
- **Cuspóir Téamach 4 - Geilleagar Ísealcharbóin**
- **Cuspóir Téamach 6 - Cosaint an Chomhshaoil agus Éifeachtúlacht Acmhainní**
- **Cuspóir Téamach 3 - ICT**

Áirítear le téamaí eile a bhí chun tosaigh i measc na bhfreagraí:

- **Cuspóir Téamach 1 - Taighde agus Nuálaíocht**
- **Cuspóir Téamach 3 - Iompar Inbhuanaithe**
- **Cuspóir Téamach 9 - Cuimsiú Sóisialta a chur chun cinn agus Bochtaineacht a Chomhrac**

Chuir cuid mhór freagróirí in iúl go raibh siad míshásta nach raibh téama na turasóireachta san áireamh san aon chuspóir téamach déag a bhí sna Dréacht–Rialúcháin Pholasáí faoi Chomhtháthú. Chuir roinnt freagróirí in iúl gur cheart cuimsiú sóisialta a bheith ina théama leathan sa chlár. D’fhonn na ceithre théama dheireanacha a roghnú, aithníodh go mbeadh sé riachtanach tosaíochtaí eacnamaíochta na dtrí réigiún a mhapáil agus iad sin a úsáid mar chuid den phróiseas chun ceithre théama a shainaithe. Chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in iúl nach mór don chlár a bheith réadúil, agus béim ar leith a chur ar fhostaíocht a chruthú. Chomh maith leis sin, bhí go leor tuairimí a lorg comhlántacht idir clár INTERREG agus clár eile an AE agus le clár náisiúnta rialtais eile den chineál céanna.

## **Ceist 2d: Cad iad na tuairimí atá agat maidir le gné forbartha inbhuanaithe uirbí agus / nó rogha infheistíochta comhtháite críche a chur san áireamh?**

Bhí na freagraí maidir le forbairt inbhuanaithe uirbeach diúltach ar an iomlán, agus cuireadh in iúl i gcuid mhór de na freagraí go mbeadh tuilleadh eolais de dhíth dá leanfaí leis na roghanna sin.

Cuireadh in iúl i gcuid mhór de na freagraí nach ábhartha maidir le clár INTERREG atá forbairt inbhuanaithe uirbeach. Bhí freagróirí ar an eolas go roghnófaí cathracha atá ag tabhairt faoi fhorbairt inbhuanaithe uirbeach ag leibhéal na mBallstát ach ní raibh siad cinnte cé acu roghnófaí nó nach roghnófaí cathracha i dTuaisceart Éireann. Tugadh faoi deara

freisin, go bhfuil tionscnaimh eile atá dírithe ar chathracha agus, dá bhrí sin, nach mbeadh fócas faoi leith ag clár INTERREG ar cheantair uirbeacha, go háirithe nuair atá cuid mhór den cheantar incháilithe faoin tuath. Áiríodh sna moltaí eile a cuireadh isteach an gá atá le comhpháirtíochtaí uirbeacha agus tuaithe a úsáid, go háirithe i réimsí ar nós na ríomhshláinte.

Tugadh an méid seo a leanas faoi deara i gcás na nInfheistíochtaí Comhtháite Críche (ITInna); go háirithe i gcás freagraí ó údaráis áitiúla agus ó ghrúpaí taighde, tugadh faoi deara go bhféadfadh ITInna deis a thabhairt chun maoiniú AE a dháileadh de réir pleananna áitiúla caiteachais i réimsí ar nós forbairt eacnamaíoch, oideachais, chosaint an chomhshaoil agus cuimsiú sóisialta. I gcomhar le maoiniú ó chomhairlí eile, d'fhéadfadh ITInna athghiniúint agus forbairt na gceantar trasteorann a chinntiú. Cuireadh ceist i líon an-íseal de na freagraí cén tionchar a bheadh ag ITInna ar na Criosanna um Infheistíocht Shóisialta i dTuaisceart Éireann.

## **Ceist 2e: An bhfuil aon tionscadail trasteorann ar intinn agat a chuirfidh leis an gcineál athraithe a mheasann tú a bheith riachtanach laistigh den réigiún a chur ar fáil?**

Thug freagróirí raon an-leathan smaointe. Bhí leibhéal áirithe sonraí iontu agus tugadh breacchuntais ar go leor smaointe. Tá sé mar aidhm ag SEUPB iad seo a liostáil i gcomparáid le Cuspóir Téamach iomchuí. Tá an liosta ar fáil in Aguisín 3. Ionas gur féidir tagairt a dhéanamh dó seo go furasta, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh tionscadail sna téamaí coitianta le chéile. Ní sainchatagóiriú é seo agus níor cheart amharc air mar mheasúnacht ar incháilitheacht.

## **2.3 An Ceantar Incháilithe**

### **Ceist 3: An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an gceantar incháilithe?**

Cuireadh in iúl i gcuid mhór freagraí gur cheart Béal Feirste a bheith sa cheantar incháilithe, ag maíomh go mbeifí in ann go leor tionscnaimh thrasteorann straitéiseacha a fhorbairt ar chonair Bhéal Feirste, an Iúir, Dhún Dealgan (agus Bhaile Átha Cliath, b'fhéidir). Bhí roinnt freagraí freisin inar cuireadh in iúl go mbeadh luach ag baint le Baile Átha Cliath a chur isteach sa cheantar incháilithe agus / nó gur cheart amharc ar an dóigh a bhféadfadh Baile

Átha Cliath a bheith páirteach ann. Bhí roinnt freagraí eile nach raibh i bhfách le Béal Feirste a bheith páirteach ann, agus cuireadh in iúl go mbainfí de na hacmhainní a bhí de dhíth ar na ceantair trasteorann dá gcuirfí Béal Feirste isteach sa chlár.

Maidir leis an gceantar incháilithe in Albain, moladh go bhféadfadh fiúntas le tuilleadh cheantair NUTS III in Iardheisceart na hAlban a chur san áireamh agus gur cheart na Garbhchríocha san Iarthuaisceart a ainmniú mar 'cheantair chónagaracha' agus gur cheart amhlaidh a dhéanamh d'Earra Gaidheal agus Bute.

Moladh freisin gur cheart meicníocht a bheith ann le go bhféadfadh tionscadail tuilleadh oibre a dhéanamh lasmuigh den cheantar incháilithe as siocair go bhfuil naisc níos leithne ag cuid mhór eagraíochtaí fud fad na hÉireann/ na Ríochta Aontaithe a d'fhéadfaí a úsáid.

Ceantar incháilithe cóngarach is ea an Mhí agus tá cuimsitheacht aici ar bhonn cásanna i dtaca le tionscadail de - ba cheart leanúint leis sin.

## **2.4 Meicníochtaí Seachadta**

**Ceist 4a: Agus aird á tabhairt agat ar an líon teoranta téamaí, agus ar an ngá atá le cur chuige straitéiseach agus ar an ngá atá le tionscadail dhéthaobhacha agus thríthaobhacha a sholáthar, cad iad na meicníochtaí seachadta a mheasann tú a bheith iomchuí chun clár trasteorann INTERREG a chur chun feidhme?**

Cuireadh in iúl i gcuid mhór de na freagraí nach bhféadfaí cinneadh a dhéanamh ar struchtúir sheachadta don chlár go dtí go roghnófaí na cuspóirí téamacha. Chuir freagróirí in iúl go soiléir go mbeadh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar impleachtaí an Athbhreithniúcháin ar Riarachán Poiblí ar an Rialtas Áitiúil i dTuaisceart Éireann agus ar na hathruithe atá beartaithe ar an rialtas áitiúil i Réigiún na Teorann in Éirinn tríd an tionscnamh 'Tús Áite do Dhaoine'. De réir an tionscnaimh seo, bunófar Coistí Sóisialta agus Eacnamaíocha in Éirinn agus beidh ionadaíocht trasearnála acu a chuirfidh pleananna forbartha áitiúla le chéile. Moladh gur cheart do sheachadadh chlár INTERREG a bheith ar aon dul leis na pleananna seo.

Chuir eagraíochtaí ar nós Údarás Réigiúnach na Teorann in iúl go bhfuil scoilt ann maidir le seachadadh. Áitíodh in aighneachtaí eile go gcuireann Grúpaí Trasteorann luach leis, agus luadh in aighneachtaí eile go gcuireann siad leibhéal eile maorlathais ann. Moladh go bhféadfaí tabhairt faoi anailís ar an mbuntáiste a bhaineann leis ó thaobh costais de chun an luach breise a mheas. De réir Chomhairle Contae an Chabháin: ‘the role of Cross Border Groups should be selectively depended and expanded in terms of networking, lobbying and community involvement’. Cuireadh in iúl i bhfreagraí áirithe go bhfeidhmíonn Grúpaí Trasteorann mar éascaitheoirí chun an clár a sheachadadh agus gur féidir muinín a bheith ag daoine astu mar ghrúpa a chumasaíonn, rud a thugann deis le haghaidh rannpháirtíocht an phobail.

Cuireadh in iúl i gcuid mhór aighneachtaí gur cheart an rath a bhí ar chomhpháirtíochtaí PEACE a chur i bhfeidhm i gclár INTERREG, agus gur cheart na hathruithe a rinneadh ar an rialtas áitiúil i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn a chur san áireamh. Mar gheall ar an réimse struchtúr atá ag teastáil le haghaidh chlár PEACE, chlár INTERREG agus an Chláir um Fhorbairt Tuaithe agus an Chiste Sóisialta Infheistíochta, creideann Comhairle Ceantair Fhear Manach go bhfuil seachadadh cláir ‘unwieldy and resource intensive’. Áirítear leis na deacrachtaí praiticiúla atá roimh údarais áitiúla an fhadhb a bhaineann le daoine cáilithe a earcú i gceantair bheaga. Moladh gur cheart amharc ar dhóigheanna chun seachadadh a chuíchóiriú.

I gcás an chórais seachadta atá ann cheana féin chun acmhainní a dháileadh ar phríomh-chomhpháirtithe, thuairiscigh cuid mhór acu go bhfuil ag éirí go maith leis seo, agus thuairiscigh cuid eile gur cheart don phróiseas a bheith níos éifeachtaí.

Bhain roinnt tuairimí leis an gcur chuige ar cheart don clár glacadh leis. Cuireadh in iúl i roinnt de na freagraí go bhfuil gá le cur chuige níos straitéisí, cé gur cuireadh in iúl i bhfreagraí eile gurbh fhearr cur chuige ó bhun aníos. Cuireadh in iúl i gcuid de na freagraí go bhfuil gá le dhá chur chuige i leith seachadadh áitiúil tríd an rialtas áitiúil agus i leith seachadadh réigiúnach le haghaidh tionscadail straitéiseacha. Chuir Comhairle Contae an Chabháin in iúl ‘the likely emphasis on larger strategic projects makes the sub-regional approach an imperative’. Chuir ERNACT, an gréasán trasteorann, in iúl gur cheart do struchtúir fhoréigiúnacha díriú ar chomhpháirtíocht trasteorann a thógáil, ar anailís a dhéanamh ar riachtanais, ar straitéisí a fhorbairt, ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí, in áit tionscadail faoi leith a chur chun feidhme.

## **Ceist 4b: Cad iad na tuairimí atá agat maidir le Forbairt Áitiúil Phobalbhunaithe / nó le Comhphleananna Gníomhaíochta a úsáid?**

Sna tuairimí a cuireadh in iúl bhíodas i bhfách le Forbairt Áitiúil Phobalbhunaithe (CLLD) a úsáid in áit Comhphleananna Gníomhaíochta a úsáid.

Chuir freagróirí in iúl go gcuirtear fáilte roimh an tsamhail CLLD a úsáid - is é sin Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla a bhunú, ina mbeadh raon leathan gheallsealbhóirí áitiúla, agus Plean Gníomhaíochta Áitiúla a sheachadadh, go háirithe sa chás go bhfuil sé de chumhacht ag an ngrúpa an plean seo a chur chun críche. Moladh go bhféadfadh rath a bheith ar CLLD, ach go bhfuil sé tábhachtach fócas náisiúnta uileghabhálach a bheith ann freisin. Leagadh béim i roinnt freagraí ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go nglacfaidh na hearnálacha uile páirt i gcur chuige fíor-chomhpháirtíochta i leith grúpaí gníomhaíochta áitiúla agus pleananna gníomhaíochta áitiúla.

Arís, ardaíodh an tsaincheist maidir leis an Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí i dTuaisceart Éireann agus leis na hathruithe molta ar rialtas áitiúil in Éirinn agus luaigh freagróirí athuair an gá a bhaineann leis na torthaí ar na hathruithe sin a chur san áireamh agus úsáid na samhla CLLD á breithniú.

Chuir na Grúpaí Trasteorann in iúl go mbeadh drochthionchar ag cuid de na sonraí faoin tsaincheist maidir le méideanna daonra do CLLD, sonraí atá i ndrúacht-Rialacháin an Bheartais Chomhtháthaithe faoi láthair, ar chomhdhéanamh reatha na ngrúpaí. Ba cheart breithniú iomchuí a dhéanamh air seo. Shonraigh na Grúpaí Trasteorann freisin go mbeadh gá le creat iomchuí a bheadh mar bhonn agus thaca ag aon tarmligean cistí do Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla dá bhfanfadh cuntasacht amach anseo le Ranna Rialtais. Cuireadh in iúl sna freagairtí seo go gcinnteodh úsáid na samhla CLLD go riarfaí na cistí ar bhealach atá níos comhtháite, níos éifeachtúla agus níos freagrúla chun freastal ar riachtanais na bpobal áitiúil.

Tháinig tuairimí measctha ó Albain faoi úsáid na samhla CLLD. Ba é tuairim amháin ná ‘an cur chuige CLLD a ghlacadh ar fud an cheantair incháilithe ar fad nó an cur chuige a ligean ar ceal ar fad’.

Mar sin féin, sonraíodh i roinnt freagairtí go bhfuil roinnt ceachtanna tábhachtacha le foghlaim faoi CLLD sa Chlár um Fhorbairt Tuaithe, cé go meastar go n-éiríonn go maith leis an tsamhail sa chlár LEADER.

I dtaca le Comhphleananna Gníomhaíochta – meastar go bhfáiltítear roimh an aidhm ghinearálta, is é sin na cláir a shimpliú; mheas cuid mhór freagróirí, áfach, nach féidir iad a úsáid i gcláir thrasteorann. Cuireadh in iúl i bhfreagairtí go mbeadh tuilleadh faisnéise ag teastáil dá n-úsáidí Comhphleananna Gníomhaíochta agus, sa chás sin, ba cheart méid sonrach maoinithe a imfhálú le haghaidh an tionscnaimh seo.

D'fháiltigh Comhpháirtíocht Coláistí Iarthar na hAlban roimh an úsáid Comhphleananna Gníomhaíochta agus shonraigh sí go bhfuil taithí aici ar an tsamhail seo a úsáid. Chuir an grúpa in iúl, áfach, go bhféadfaí nach bhfuil an saineolas teicniúil atá ag teastáil maidir leis na cinn is casta díobh ag an Údarás Bainistíochta agus ag an gComhrúnaireacht Theicniúil.



## Cuid 3: PEACE IV

### 3.1 Ceachtanna a Fhoghlaim ón gClár Reatha

**Ceist 5.a Más rud é go bhfuil tú páirteach i gClár Peace III i láthair na huaire, tabhair ráiteas ar an eispéireas atá agat ar thionchar an chlár/cuir an t-eispéireas atá agat ar thionchar an chlár in iúl?**

#### Tionchar Dearfach PEACE III

Ceaptar rannpháirteachas Clár PEACE III a bheith tábhachtach go háirithe i leith bhail eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin, go háirithe le linn tréimhse deacrachta eacnamaíche ar fud an réigiúin ar fad.

Deirtear go bhfuil Clár PEACE ina thaca éigeantach le cothú síochána ar oileán na hÉireann. In éagmais an mhaoinithe seo tá sé amhrasach go mbeadh aon mhaoiniú poiblí ann chun tacú le raon leathan na dtionscnamh údaráis áitiúil agus sochaí shibhialta a chuir go mór le comhtháthú sóisialta ar oileán na hÉireann. Bhí maoiniú an AE ina chúis le cuid mhór den dul chun cinn ar chobhsaíocht an réigiúin agus an oileáin ar fad a rinneadh le blianta beaga anuas.

Chuir tromlach na n-aighneachtaí a sonraíodh i gClár PEACE go dtí seo go mór leis an bpróiseas síochána agus le hathmhuintearas a chothú i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann. Go háirithe, ceapadh gur clár an-dírthe é PEACE III a chuir cothú síochána agus athmhuintearais i gcroílár a chuid gníomhaíochtaí.

#### Seachadadh áitiúil

Bhí cur chuige an tseachadta áitiúil ina chúis le caidrimh oibre dhearfacha a bhunú ar leibhéal áitiúil agus d'éascaigh sé rochtain isteach i ngach pobal. Tháinig an fhorbairt ar inniúlacht áitiúil, ar chumas áitiúil agus ar thacar scileanna áitiúil as an gcur chuige seo agus d'éascaigh sé idirphlé agus thacaigh sé le caidrimh idir pobail freisin. Sholáthair Clár PEACE III rochtain ar mhéideanna níos mó maoinithe ar feadh tréimhse níos faide freisin agus chumasaigh sé seo an fhorbairt ar idirghabhálacha níos straitéisí. Mar thoradh ar úsáid na struchtúr seachadta áitiúil, is níos lú atá an náire a ghabhann le hiarratas agus le hiarracht a

dhéanamh ar mhaoiniú PEACE i bpobail nár bhain leas as na cistí seo go traidisiúnta. Ar an gcúis sin, d'éirigh go geal leis an gClár eagraíochtaí, grúpaí agus pobail nach raibh baint acu roimhe sin le Clár PEACE a chur san áireamh. Rinneadh an-dul chun cinn ar fhreastal ar ghrúpaí 'atá deacair le rochtain' ach tá cuid mhór oibre le déanamh go fóill sa réimse seo.

Chuir an seachadadh cuid mhór de Chlár PEACE III trí chnuasach de Chomhairlí áitiúla tacar nua dúshlán ar fáil. Comhsheacadadh an chlár ar fud ceantair éagsúla Chomhairle a bhfuil próifílí éagsúla déimeagrafacha, reiligiúnacha agus cultúrtha acu – idir phobail atá iomlán Protastúnach nó iomlán Caitliceach, phobail atá Protastúnach / Caitliceach den chuid is mó agus dhéimeagrafaic atá níos measctha, lena n-áirítear meascán níos leithne inimirceach agus mionlach eitneach agus comhdhéanaimh éagsúla thuaithe / uirbeacha. Tá cur chuige nua ag teastáil chun Clár PEACE a sheachadadh faoi na himthosca sin. De bhreis air sin, tá roinnt traidisiún agus cur chuige ag Comhairlí i ngach ceantar maidir leis an dóigh a rabhadar páirteach i gClár PEACE. Bhí eispéireas an-difriúil ag gach ceann díobh ar an gcoimhlint. Ní mór don fhreagra freagairt don mhéid seo agus níor mhór foirmeacha nua de chomhoibriú ar fud teorainneacha údaráis áitiúil a fhorbairt.

### **Dóigheanna nua chun obair a dhéanamh**

Áirítear leis an bhforbairt ar dhóigheanna nua chun obair a dhéanamh le chéile an gá le tuilleadh cumais, scileanna agus eolais a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean na chiníochais agus an tseicteachais; an gá le tuilleadh eolais, feasachta agus tuisceana ar phobail eile nó ar chultúir eile a fhorbairt; an gá le braistint níos mó cuimsithe agus spáis chomhroinnte a chur chun cinn ar fud an chnuasaigh agus an gá le tuilleadh rannpháirteachais agus caidrimh oibre a chur chun cinn ar fud teorainneacha traidisiúnta. Aibhsíonn na haighneachtaí rath suntasach i ngach ceann de na réimsí seo agus aird á tabhairt acu nach mór cuid mhór oibre a dhéanamh go fóill agus go bhfuil codanna tábhachtacha dár bpobail go fóill nach raibh baint acu le próiseas PEACE.

### **Oidhreachtaí fisiceacha**

Leag na haighneachtaí béim freisin ar an bhfíric gur chruthaigh PEACE III oidhreachtaí tábhachtacha fisiceacha ar fud an réigiúin. Ina leith sin, ba mhinic a luadh tionscadail ar nós Dhroichead PEACE i nDoire / Londaindoire, Tionscadal Skainos i mBéal Feirste Thiar, Tionscadal Chaisleán Shandarsan ar theorainn Chontae an Chabháin agus Chontae Fhear Manach. De bhreis air sin, mhéadaigh obair le heagraíochtaí amhail an CLG, an tOrd Oráisteach, na Printísigh, Cumann Sacair Thuaisceart na hÉireann agus eagraíochtaí eile, rochtain na gclár isteach san earnáil neamhrechtúil ar bhealach a neartaíonn rochtain an

Chláir ar fud an phobail agus a fhorbraíonn an caidreamh idir na heagraíochtaí seo agus na pobail.

### **Comhtháthú Sóisialta**

Dá bhrí sin, meastar go bhfuil Clár PEACE III mar bhonn agus thaca ag na próisis síochána agus pholaitiúla – thug clár PEACE III an deis do ghrúpaí úsáideora an chiall le ‘síocháin’ a phlé agus breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí ar ar tharla roimhe agus dul ar aghaidh á dhéanamh go todhchaí sheasmhach. Meastar go gcuireann na Cláir le sláinte agus folláine shóisialta na ndaoine laistigh dá bpobail áitiúla trí bhíthin tuiscint níos fearr agus meas níos mó a chur chun cinn. Tháinig deiseanna as seo le haghaidh oidhreacht chultúrtha agus comhar cultúrtha comhroinnte a nochtadh ar dhóigh dhearfach. Chuir sé go dearfach freisin leis an gcomhtháthú grúpaí mionlaigh inimirceach agus eitneacha sa tsochaí agus d’éascaigh sé idirghabhálacha ag luathbhlianta agus ina dhiaidh sin i réimsí ar nós ciníochais, seicteachais agus bulaíochta. Tríd an gClár, rinneadh an-dul chun cinn ar bhacainní fisiceacha idir pobail a bhaint agus aithint á déanamh go bhfuil cuid mhór le déanamh go fóill sa réimse tábhachtach seo. Thug Clár PEACE III spreagthach suntasach d’obair na gcomhairlí áitiúla agus grúpaí deonacha eile ar phobail a athshamhlú agus ar an timpeallacht fhisiceach ina gcónaíonn daoine a fheabhsú.

### **Leanaí agus daoine óga**

Cuirtear in iúl i gcuid mhór aighneachtaí go raibh an tionchar is mó ag tionscadail agus cláir a d’oibrigh le daoine óga. Ar na cláir sin bhí oiliúint do chleachtóirí luathbhlianta, cláir oideachais le scoileanna, cláir spóirt agus obair don ógra ar an tsráid. Chumasaigh ilchineálacht na suíomhanna agus na gcur chuige rannpháirtíocht le raon leanaí agus daoine óga ar dhóigh a raibh oiriúnach don aois agus mhéadaigh sí tionchar na gclár mar thoradh ar an gcumas leis an gcur chuige a oiriúnú do riachtanais agus do chumas na dtairbhíthe. Sholáthair cláir chruthaitheacha a bhain úsáid as drámaíocht chun saincheisteanna a phlé meicníocht inrochtana don phobal cónaitheoirí níos leithne a d’fhéadfadh gan a bheith páirteach i ngrúpaí eagraithe, meicníocht a thug deis dóibh a bheith páirteach i bplé ar shaincheist an tseicteachais.

Bhain an Clár roinnt de bhuanna suntasacha amach ina chuid oibre le daoine óga. Cuireadh béim in aighneachtaí uathu siúd atá bainteach in obair don ógra go ndéanadh breis agus 1500 duine óg agus oibrí deonach fásta eolas, scileanna agus inniúlachtaí maidir le hobair don ógra, i saoránacht ghníomhach, agus i síocháin agus athmhuintearas a ghnóthú agus

creidiúnú ag Leibhéal 1, 2 agus 3 OCN NI (Líonra Coláistí Oscailte Thuaisceart Éireann) a fháil mar thoradh ar obair dhá thionscadal aonair.

### **Grúpaí spriocdhírthe**

D'éirigh leis an gClár ina chuid oibre le hiarbhaill de na fórsaí slándála, grúpa nach raibh baint aige le gníomhaíocht Chlár PEACE roimhe sin. Aibhsíonn iad siúd a raibh baint acu le bainistíocht na dtionscadal sin méadú suntasach ar líon na ndaoine a fhógraíonn a bheith i síocháin leo féin, a bheith in athmhuintearas lena bpobal, a bheith sásta dul trasna na teorann go Poblacht na hÉireann agus a bheith sásta obair le grúpaí iarsheirbhíse trasna na teorann. Aibhsíonn na heagraithe gur baineadh tionchar iontach amach laistigh de thréimhse réasúnta gairid ama.

Meastar gur clár leithleach é Clár PEACE III toisc go bhfuil cur chuige tuaithe, trasteorann agus forbartha pobail aige. Deirtear go raibh tionchar an-dearfach ag an gclár ar dhul i ngleic le deighilt, seicteachas agus ciníochas i gceantair thuaithe ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann.

D'éirigh le Clár PEACE III agus teagmháil á déanamh aige le grúpaí iarphríosúnach agus iarchomhraiceoirí freisin. Tá traidisiún fada rannpháirtíochta i gCláir PEACE ag cuid de na grúpaí sin ach bhí PEACE III rathúil freisin agus teagmháil á déanamh aige le grúpaí a raibh rannpháirtíocht theoranta acu roimhe sin i gCláir PEACE. Tugadh faoi deara sna freagairtí a thug aghaidh ar an tsaincheist seo go meastar gur imir teagmháil leis na grúpaí sin tionchar iontach dearfach ar chothú na síochána sa réigiún. Tugadh faoi deara sna freagairtí freisin gur ghlac daoine aonair páirt i gcláir lena gcumas chun cothú na síochána a chur chun cinn laistigh dá bpobail a fhorbairt.

### **Na hEasnamh i dTionchar PEACE III**

Tá líon beag aighneachtaí míshásta faoin easpa fócais eacnamaíoch laistigh de Chlár PEACE III agus áitítear iontu gur cheart athbhunú a dhéanamh ar chur chuige níos cothroime a bhí i gcláir roimhe, dar leo, mar ar measadh gurb ionann forbairt eacnamaíoch agus comhpháirt ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar oidhreacht na coimhlinte. Aibhsítear i gcuid de na haighneachtaí sin gur gá dul i ngleic le saincheisteanna maidir le bochtaineacht, le míbhuntáiste, le dífhostaíocht agus le heaspa forbairt tráchtála d'fhonn fíor-athmhuintearas a bhaint amach agus síocháin mharthanach a chothú.

## **Rochtain an chlár**

Cáineadh rannpháirtíocht Chlár PEACE III le hiarphríosúnaigh, le hiarchomhraiceoirí i líon beag aighneachtaí freisin. Áitítear sna haighneachtaí sin gur cheart béim i bhfad níos mó a chur orthu siúd a dtugtar ‘fíor-íospartaigh’ na coinbhleachta orthu. Áitítear iontu freisin gurbh fhearr úsáid a bhaint as an airgead a úsáidtear chun grúpaí iarphríosúnach a mhaoiniú i dtionscnaimh forbartha eacnamaíche nó le haghaidh seirbhísí níos leithne a fhorbairt d’íospartaigh agus dá dteaghlach. Sonraítear i gcuid de na haighneachtaí seo gur cheart saincheist na seirbhísí d’íospartaigh suntasacht níos mó a fháil i gClár PEACE ar bith amach anseo.

Aibhsítear i gcuid mhór de na haighneachtaí go bhfuil codanna tábhachtacha de na pobail leastúnacha agus dílseoirí ann go fóill nár ghlac páirt sa Chlár. Áitítear i gcuid de na haighneachtaí seo nach ndéantar go leor chun teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí sin. Maidir le saincheist na dtionscadal féiniúlachta aonair, áitítear i mórán aighneachtaí go bhfuil gá leis an gcineál seo oibre go fóill chun muinín a fhorbairt laistigh de phobail atá deacair a rochtain agus chun spreagadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach sa Chlár.

Cé go raibh cuid mhór gnéithe dearfacha ag gabháil le rannpháirtíocht na mban i gClár PEACE III, bhí braistint ghinearálta ann nach gcuirtear go leor béime ar theagmháil a dhéanamh leis an ngrúpa tábhachtach seo. Ón taobh dearfach de, bhain breis agus 3600 bean leas as oiliúint scileanna polaitiúla agus raon cúrsaí creidiúnaithe ar shíocháin agus athmhuintearas mar thoradh ar thionscadail dírithe ar mhná. Ina theannta sin, chabhraigh an Clár le maoiniú a leagan i gceantair ardteannais a raibh beagáinín gníomhaíocht pobail iontu nó nach raibh gníomhaíocht phobail iontu ar chor ar bith agus, mar sin de, bhí páirt aige i ngníomhaíocht phobail agus i ngníomhaíochas pobail a spreagadh ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann. Ón taobh diúltach de, rinne na grúpaí seo gearán faoi rud ar thugadar ualach dofhulaingthe an mhaorlathais air agus faoi neamhábaltacht an Chláir a gcuid oibre a mhaoiniú ar feadh fhad iomlán thréimhse feidhme an Chláir. Mhothaigh mórchuid de na grúpaí seo go rabhadar faoi mhíbhuntáiste trína rannpháirtíocht sa Chlár.

## **Leibhéil mhaorlathais**

Aibhsítear i gcuid mhór aighneachtaí ualach an mhaorlathais a bhaineann le rannpháirtíocht sa Chlár. Áitítear iontu go mbaintear an bonn go mór ó thionchar an Chláir mar gheall ar éilimh throma an chomhlíonta maorlathais agus mar gheall ar bharráíocht béime ar chúúlacht airgeadais agus ar thorthaí inchainníochtaithe chun dochair do thorthaí agus do

bhaint amach chuspóirí an Chláir. Go háirithe, oibríonn an méid ama a ghlacann sé le hiarratais a mheasúnú agus a fhaomhadh in aghaidh chumas na dtionscadal a gcuid cuspóirí a bhaint amach ós rud é go dtosaíonn tionscadail i bhfad níos moille ná ba cheart dóibh tosú. Cuireann formhór Ghrúpaí Comhpháirtíochta PEACE Údaráis Áitiúil in iúl gur oibrigh roinnt de Chláir PEACE i gcéim 1 agus i gcéim 2 in aghaidh a n-éifeachtachta freisin. Moltar tráinse aonair maoinithe chun tréimhse feidhme iomlán an Chláir a chlúdach mar dhóigh níos fearr lena chinntiú go bhféadfaidh na Grúpaí Comhpháirtíochta seo oibriú ag leibhéal straitéiseach chun tairbhe a gcuid pobal gan aon mhoilleanna ná aon bhearnaí neamhriachtanacha idir céimeanna.

Aibhsítear i gcuid mhaith aighneachtaí an fhíric nach féidir le grúpaí pobalbhunaithe beaga cur suas le hualach maorlathais an Chláir. Ar an gcúis sin, roghnaíonn cuid mhór díobh gan páirt a ghlacadh sa Chlár. Oibríonn sé sin in aghaidh chuspóir na hoibre leis na grúpaí seo, go háirithe iad siúd i bpobail atá ‘deacair le rochtain’.

### **Dúshlán mheastóireachta**

Cuirtear in iúl i gcuid mhór de na haighneachtaí go bhfuil sé deacair tionchar foriomlán an Chláir a mheas toisc nach bhfuil go leor acmhainní ag SEUPB (An Comhlacht um Chláir Speisialta AE) chun obair níos dlúithe leis na Príomh-Chomhpháirtithe i gcur chun feidhme a gcuid tionscadal agus i monatóireacht ar a ndul chun cinn. Ceaptar go ginearálta nár chabhraigh an mhodheolaíocht um Chúnaimh i gcomhair Síochána, mar chur chuige ar fud an chláir maidir le meastóireacht leanúnach, le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar go dtí seo. Maítear i gcuid mhaith aighneachtaí gur cheart béim i bhfad níos mó ar thorthaí agus ar thionchar a fhianú le tiomnú acmhainní SEUPB don ghné thábhachtach seo de sheachadadh Cláir.

## **Ceist 5.b Roinn do thuairimí maidir leis na nithe a n-éiríonn leo agus na nithe a d’fhéadfaí a fheabhsú sa chlár reatha.**

### **Nithe a n-éiríonn leo**

#### **Comhpháirtíochtaí bunaithe ar Údaráis Áitiúla**

Measadh den chuid is mó gurbh éard a bhí in obair na gcomhpháirtíochtaí bunaithe ar údaráis áitiúla ná rath iontach laistigh de Chlár PEACE III agus chuir sí béim ar an ról tábhachtach ceannaireachta nach mór d’údaráis áitiúla a ghlacadh chun síocháin agus athmhuintearas a chothú. Measadh gur rannpháirtíocht iontach dearfach é an

rannpháirtíocht a bhí á déanamh ag Cuibhreannas na Comhairle um Chaidreamh Poiblí (CRC) / Phobal le forbairt tionscadail. Ceapadh gur éirigh leis an neadú struchtúr comhpháirtíochta isteach sna meicníochtaí seachadta ag leibhéal áitiúil freisin. Go háirithe, measadh gur iontach éifeachtach a bhí úsáid na ngrúpaí stiúrtha áitiúla i sainaitheint agus i bhfaomhadh na dtionscadal a thug aghaidh ar fhíor-riachtanais áitiúla. Cuireadh imní áirithe in iúl faoin gcineál ionadaíoch a ghabhann le cuid de na comhpháirtíochtaí seo agus faoin bhféidearthacht a bhaineann le coinbhleachtaí leasa mar thoradh ar an rannpháirtíocht eagraíochtaí a d'fhéadfadh leas airgeadais a bhaint astu. Moladh gur cheart do SEUPB monatóireacht a dhéanamh ar na struchtúir chomhpháirtíochta seo agus promhadh comhionannais agus ionadaíochta tuaithe a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidís cothrom.

Fáiltíodh roimh an bhfáil ar mhaoiniú ilbhliantúil do thionscadail den chuid is mó. Áitíodh, áfach, gur oibrigh an 'bhearna' idir maoiniú do chéim 1 agus do chéim 2 in aghaidh obair na gcomhpháirtíochtaí i gcás na gcomhpháirtíochtaí údaráis áitiúil. Áitíodh i gcuid mhaith díobh gur cheart clúdach maoinithe a bheith ann a mhairfeadh tréimhse feidhme an Chláir d'fhonn aon stopadh i móiminteam na hoibre ar an talamh a sheachaint. Mar an gcéanna, áitíodh gur cheart don Chlár athbhreithniú a dhéanamh ar a chur chuige maidir le maoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí nach féidir leo feidhmiú trí chur chuige íostarraingthe maidir le maoiniú mar gheall ar an easpa scála agus acmhainní atá acu. Baineann tábhacht ar leith leis seo agus teagmháil á déanamh le grúpaí pobail beaga ar cheart dóibh baint a bheith acu leis an gclár. Tá gá le meicníochtaí maoinithe atá níos solúbtha chun na grúpaí seo a rochtain. Ar na moltaí a tháinig aníos chun aghaidh a thabhairt ar an ngá seo bhí an úsáid 'deontas éascaithe' ina nglacann an príomh-chomhpháirtí freagracht as bainistiú airgeadas na ngrúpaí beaga, rud a bhaineann ualach an bhainistithe agus an chomhlíonta airgeadais astu.

Measadh comhpháirtíochtaí údaráis áitiúil a bheith éifeachtach go háirithe maidir le rochtain a dhéanamh ar phobail atá deacair le rochtain agus freagairt straitéiseach láidir a chur ar fáil d'fhíor-riachtanais áitiúla. Ina leith seo, aibhsíodh i gcuid mhór aighneachtaí an tábhacht a bhaineann leis an ábaltacht obair féiniúlachta aonair a dhéanamh d'fhonn an mhuinín atá riachtanach le haghaidh rannpháirtíochta níos leithne a fhorbairt laistigh de phobail. Áitíodh in aighneachtaí eile, áfach, go mbeadh sé tráthúil deireadh a chur le hobair féiniúlachta aonair mura mbeadh tiomantas soiléir do dhul chun cinn intomhaiste ar rannpháirtíocht níos leithne. Mar sin féin, áitíodh i roinnt aighneachtaí nach n-admhaíonn an clár reatha na céimeanna éagsúla d'fhorbairt agus de dhul chun cinn pobal maidir le síocháin agus athmhuintearas ar bhealach iomchuí. Tá cuid mhór pobal ann go fóill ina bhfuil leibhéal arda de smacht paraimíleata agus de ghníomhaíocht pharaimíleata, pobail ina bhfuil deighilt ar an

norm agus níor cruthaíodh an ábharthacht a ghabhann le clár “Síochána” go fóill dóibh siúd a gcónaíonn iontu. Áitítear iontu nach mór freagairt don ghá leantach le hobair féiniúlachta aonair dóibh siúd atá i ndiaidh tús a chur le páirt a ghlacadh i bpróiseas PEACE ag leibhéal Cláir.

## Daoine óga

Measadh an obair a rinne an Clár le daoine óga, ó luathbhlianta go blianta ina dhiaidh sin, a bheith an-tairbheach. Áitíodh, áfach, nach rabhthas ach i ndiaidh iarmhairtí idirghlúine na coimhlinte, go háirithe dóibh siúd ar cailleadh nó ar gortaíodh a muintir, a aithint agus a thuiscint. Áitíodh gur cheart d’eagraíochtaí don ógra atá neamhailínithe agus do sholáthraithe seirbhíse reachtúla an obair sin a threorú, bunaithe ar phlean straitéiseach agus beoite ag luachanna agus prionsabail a chuireann cothú na síochána agus athmhuintearas chun cinn.

Áitíodh in aighneachtaí uathu siúd a bhfuil baint acu in obair don ógra gur baineadh cuid mhór ratha amach agus teagmháil á déanamh le grúpaí ógra bunaithe sa phobal áitiúil i gceantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta i raon cláir nuálacha agus creidiúnaithe ar oiliúint agus forbairt caidreamh pobail. Bhí na cláir seo ag cabhrú le rannpháirtithe a gcuid muiníne agus féinmheasa a fhorbairt, rud a chumasaíonn iad mar ghníomhaithe de chultúr neamhfhoréigin. Soláthraíonn an obair seo an deis do dhaoine óga freisin plé a dhéanamh ar a gcuid dearcthaí agus mothúchán i ndáil le seicteachas, ciníochas, homafóibe agus idirdhealú ar bhonn míchumais agus scileanna athmhuintearais, comhthuisceana agus measa a fhorbairt. Áitíodh nár mhór an obair seo a fhorbairt tuilleadh agus a fhairsingiú isteach sna pobail uirbeacha agus sna pobail tuaithe iargúlta sin a bhí deacair le rochtain agus mar a raibh leibhéil ísle de rannpháirtíocht sa chineál seo oibre. D’áitigh roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán gur cheart an obair le daoine óga fócas eacnamaíoch a bheith aici agus cabhrú leo rochtain a fháil ar oideachas agus ar dheiseanna oiliúna a mhéadódh a seans le páirt a ghlacadh i sochaí shibhialta ar dhóigh níos bríche.

Aibhsíodh i roinnt aighneachtaí an tábhacht a bhaineann le roinnt cur chuige cruthaitheach um obair le daoine óga trí úsáid a bhaint as drámaíocht agus amharclannaíocht. Measadh an cur chuige seo freisin a bheith tairbheach ar scála níos leithne trí dheiseanna a éascú do ghrúpaí agus do dhaoine aonair a n-eispéiris féin a chur in iúl agus a scéalta a insint i dtimpeallacht ina dtugtar meas do gach duine.



## **Feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm**

### **Comhairligh a úsáid**

Rinneadh roinnt cáinte den úsáid a bhain na comhpháirtithe as comhairligh sheachtracha agus obair á cur chun feidhme laistigh de phobail. Áitíodh i roinnt aighneachtaí gur baineadh an iomarca úsáide as na comhairligh sin agus nárbh fhéidir fíor-dhul chun cinn a bhaint amach laistigh de phobail ach amháin i gcás ina nglacadh na pobail sin seilbh na hoibre iad féin. Níorbh fhéidir é seo a bhaint amach trí chomhairligh sheachtracha nach bhféadfadh a bheith ann tar éis deireadh a chur leis an tionscadal 'a shannadh' do na pobail sin. D'fhéadfadh an cur chuige seo baint ó inbhuanaitheacht agus luach fadtéarmach na hoibre. Os a choinne sin, áitíodh freisin gur chuir úsáid na gcomhairleach go mór le hualach chomhlíonadh trom na socrúchán rialála agus rialachais a bhaint ó ghrúpaí beaga.

### **Comhordú feabhsaithe**

Cé gur fáiltíodh roimh an gcomhcheangal sa chlár idir tionscadail réigiúnacha agus straitéisí bunaithe go háitiúil, áitíodh i roinnt aighneachtaí gur cheart tuilleadh comhordaithe agus cumarsáide a bheith idir tionscadail áitiúla agus tionscadail réigiúnacha. Chabhródh sé seo le dúbláil a sheachaint agus chinnteodh sé tuilleadh comhordú iarrachtaí agus baint amach éifeachta. Mar an gcéanna, áitíodh go raibh gá le cumarsáid níos mó idir na comhpháirtíochtaí údaráis áitiúil trí fheidhm chomhordaithe éigin ar fud an réigiúin a thabhairt isteach i bhfoirm grúpaí comhairleacha straitéiseacha. Ba cheart go gcuirfí san áireamh anseo cumarsáid fheabhsaithe le maoinitheoirí agus comhlachtaí reachtúla eile, lena n-áirítear ranna rialtais i bpríomhréimsí beartais ar nós oideachais, forbairt tuaithe agus pleanáil phobail. Rinneadh argóint gur cheart cur chuige bunaithe tuilleadh ar 'phobal uile' a ghlacadh a dhíreodh ar na riachtanais fhoriomlána phobail in ionad ar ghrúpaí ar leith. Níorbh fhéidir an cur chuige seo a dhéanamh ach trí obair a dhéanamh trí chomhlachtaí poiblí a bhfuil sainchúram iomchuí acu nó trí eagraíochtaí aitheanta pobalbhunaithe / cheantarbhunaithe ag obair thar ceann an phobail uile.

### **Tacaíocht fheabhsaithe**

Sainithnítear i gcuid mhór de na haighneachtaí gur gné an-tairbheach de bhainistíocht cláir é oifigeach cáis tiomanta a dháileadh chun tacú leis an bPríomh-Chomhpháirtí i gcur chun feidhme an tionscadail. Áitítear iontu gur cheart tuilleadh leanúnachais a bheith sa dáileadh acmhainní agus áitítear i roinnt aighneachtaí freisin nach bhfuil go leor acmhainní ar fáil do SEUPB i gcomhair an tasc seo.

Sainnithítear i gcuid mhór aighneachtaí go bhfuil luach iontach ag baint le nótaí treorach arna gcur ar fáil ag SEUPB. Mar sin féin, cáinteas i roinnt aighneachtaí rud a mheastar gur easpa chomhsheasmhachta é i léirmhíniú na dtreoirlínte seo agus áitítear iontu gur cheart tuilleadh soiléireachta agus oiliúna a chur ar fáil do Phríomh-Chomhpháirtithe i bpríomhréimsí amhail soláthar agus fíorú caiteachais. Fáiltítear i roinnt aighneachtaí roimh athruithe le déanaí ar rialacha soláthair a mhéadaigh an uasteorainn go €5,000 / £5,000 go dtí go bhfuil soláthar iomlán ag teastáil. Mar an gcéanna, fáiltíodh roimh thabhairt isteach an ráta chomhréidh le haghaidh forchostais a ríomh mar shimpliú luachmhar. Áitíodh i gcuid de na haighneachtaí freisin gur oibrigh cur i bhfeidhm na rialacha soláthair in aghaidh rannpháirtíocht na ngnóthas áitiúil agus na soláthraithe seirbhíse.

### **Riarachán a laghdú**

Áitíodh i gcuid mhór de na haighneachtaí gur cheart réim níos solúbtha a bheith ann maidir le léirmhíniú na rialacha um rialú airgeadais agus freagairt níos comhréirí a bheith ann do chur i bhfeidhm dian na rialacha seo. I gcoitinne, sainnithníodh gurb é atá in ualach chomhlíonadh na rialacha um rialú airgeadais ná ualach trom agus toisc shuntasach i dtaca le rannpháirtíocht sa Chlár a dhímholadh, go háirithe i measc grúpaí beaga a bhfuil níos lú taithe agus acmhainní acu. Áitíodh i roinnt aighneachtaí freisin gur cheart tuilleadh solúbthachta a bheith i bhfeidhm agus athruithe á ndéanamh ar choinníollacha cur chun feidhme tionscadail d'fhonn cumas níos fearr le hoiriúnú do thosca ag athrú ar an talamh a éascú.

Cáineadh go mór an fad ama a tógadh chun iarratais tionscadail a mheasúnú agus a fhaomhadh agus iarradh go ginearálta córas níos éifeachtúla a chinnteodh go ndéanfaí cinní laistigh de 26 seachtain ar a dhéanaí. Rinneadh argóint i gcuid mhór de na haighneachtaí i bhfabhar tuilleadh cúnamh ag an gcéim réamhiarratais agus i bhfabhar méadú ginearálta ar an méid de thacaíocht forbartha ar fáil ón gClár. Tugadh trácht dearfach i ngach ceann de na haighneachtaí ar an bhfáil ar mhaoiniú 100% agus áitíodh iontu go mbeadh sé deacair sna cúinsí eacnamaíocha reatha seo an maoiniú meaitseála a aimsiú mura mbeadh sé seo ar fáil. Ba mhór ag na haighneachtaí an fháil ar réamhíocaíochtaí chun cabhrú le sreabhadh airgid cé go ndearnadh argóint i roinnt aighneachtaí i bhfabhar cur chuige atá níos solúbtha ná an cur chuige seo agus a dhéanfadh cuntais teiste tionscadal roimhe seo le maoinitheoirí eile (e.g. DSD agus Big Lottery) i bpróifíl riosca a chinneadh a chur san áireamh.

## **Tuilleadh fócais ar thorthaí**

Comhaontaíodh go ginearálta gur cheart do bhainistíocht an Chláir díriú tuilleadh ar thionchar agus ar thorthaí in ionad caiteachas airgeadais agus comhlíonadh airgeadais. Tuairim choitianta sna haighneachtaí ná gur chuir an Clár barraíocht béime ar spriocanna caiteachais a bhaint amach agus gur chuir sé beagáinín béime ar an méid a chuir na tionscadail le baint amach chuspóirí an Chláir nó leis an tionchar ar shíocháin agus athmhuintearas a chothú mar gheall ar easpa acmhainní laistigh den Údarás Bainistíochta agus den Chomhrúnaireacht Theicniúil. Níor measadh go raibh ag éirí leis an gcur chuige um Chúnamh i gcomhair Síochána a tugadh isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí an Chláir an aidhm a bhí aige a bhaint amach. Aithníodh, áfach, gur ag céim luath go fóill a bhí an bailiú sonraí agus gur éirigh leis an gcur chuige um Chúnamh i gComhair Síochána cabhrú le bainisteoirí tionscadail díriú ar an tábhacht a bhaineann leis an méid a bhí a dtionscadal ag cur le baint amach chuspóirí an Chláir a shainithint. I gcoitinne, bhí an tuairim ann nár cuireadh go leor béime ar mheastóireacht leanúnach, cé go raibh monatóireacht fhoriomlán ar thionscadail go maith. Áitíodh i gcuid mhór aighneachtaí gur cheart filladh ar mheastóireacht tionscadal-bhunaithe chun an mheastóireacht ar fud an Chláir a chomhlánú. Chuirfeadh sé seo tuilleadh le cur chuige a d'fhéachfadh le 'foghlaim a ghabháil' agus le leas a bhaint as an iomaí eispéireas maith laistigh den Chlár.

## **Feabhsuithe eile**

Áitíodh i gcuid mhór aighneachtaí go raibh gá le cumarsáid níos mó faoi éachtaí an Chláir chun a chinntiú go mbeadh eolas ag an bpobal i gcoitinne agus ag ionadaithe tofa ar a raibh á mbaint amach. Mar an gcéanna, áitíodh i roinnt aighneachtaí go raibh codanna dár bpobail, go háirithe i bpobail Phrotastúnacha nach raibh eolach ar na deiseanna ar fáil dóibh faoi Chláir PEACE.

I roinnt aighneachtaí ó phobail a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn, cáineadh an easpa deiseanna le bheith páirteach sa Chlár ina dteanga féin. Áitíodh freisin gur theip air sin aithint a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh cur chun cinn chultúr agus thraidisiúin na Gaeilge a chur le síocháin agus athmhuintearas.

Áitíodh i roinnt aighneachtaí go raibh an ghné thrasteorann de Chlár PEACE III neamhshoiléir. Áitíodh go raibh gá le tuilleadh fócais ar chomhtháthú na ndeiseanna le haghaidh comhar trasteorann i ndearadh agus i seachadadh na dtionscadal.

## Taighde ón earnáil phobail agus dheonach

Sainithníodh i dtaighde a rinneadh laistigh den earnáil phobail agus dheonach roinnt príomhdhúshlán do Chlár PEACE III laistigh den earnáil sin. Áiríodh leo na nithe seo a leanas:

- Braistint go ndearnadh dochar don Chlár mar thoradh ar nósanna imeachta riaracháin méadaithe, neamhriachtanacha, ciotacha agus dolúbtha agus ar mhoilleanna maorlathais a d'imir drochthionchar ar sheachadadh rathúil agus tráthúil an chláir.
- Braistint go bhfuil neamhiontas á dhéanamh ag SEUPB ar thionchar na hoibre atá á dhéanamh ag leibhéal tionscadail mar gheall ar easpa aiseolas cáilíochtúil.
- Braistint go bhfuil croí-riachtanais phobail á gcailleadh faoi chóras drogallach roimh rioscaí nach spreagann nuálaíocht.
- Tuairim nár éirigh le ceannairí polaitiúla go leor ceannaireacht straitéiseach níos leithne ná aon straitéis pholaitiúil le haghaidh athmhuintearais a chur ar fáil.
- Tuairim láidir go raibh fócas na gcúig bhunsnáithe d'athmhuintearas arna sainithint in PEACE II inoibrithe ach gur éirigh sé ródhírthe ar chaidreamh pobail.
- Tuairim láidir nár bhain roinnt ceantar leas as an díbhinn síochána go dtí seo agus gur gá aghaidh a thabhairt air sin.

Rinneadh roinnt moltaí sa taighde ar dhóigh dóibh cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo. Áiríodh leo na nithe seo a leanas:

- Ollchóiriú agus athbhrandáil a dhéanamh ar na córais a bhfuil barraíocht maorlathais agus riaracháin ag baint leo chun an droch-cháil a bhaint den chlár agus chun a bheith níos cairdiúla don úsáideoir, níos éifeachtúla, níos freagrúla agus dírithe tuilleadh ar thorthaí.
- An córas íocaíochtaí a luathú chun saincheisteanna maidir le sreabhadh airgid a sheachaint.
- Maoiniú tionscadail níos fadtéarmaí a chur ar fáil.
- Tuilleadh fócais a leagan ar thionscadail nuálaíochta fhadtéarmacha agus bheaga agus ar na tionscadail sin a mbaineann grúpaí sa ghátar is mó leas astu.
- Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna le rátaí malairte agus le dícheadú íocaíochtaí dá dheasca sin.
- Tá ionchur agus ceannaireacht polaiteoirí ag teastáil i dteannta straitéis pholaitiúil uileghabhálach le haghaidh athmhuintearais (samhail PEACE).

- Tá cúnamh ag teastáil ó státseirbhísigh sna contaetha teorann chun briseadh tríd an gcomhéadan eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil atá sa teorainn.
- Tuilleadh tacaíochta d'eagraíochtaí beaga chun feabhas a chur ar a gcumas maoinithe agus sa phróiseas iarratais.
- Ba cheart nuálaíocht agus tógáil rioscaí a spreagadh toisc go bhfuil cláir ródhrogallach roimh rioscaí.

## **Ceist 5.c Más rud é nach raibh tú páirteach i maoiniú PEACE, an féidir leat constaicí ar bith ar do rannpháirtíocht a shainaithint agus do thuairimí faoin dóigh ar féidir aghaidh a thabhairt orthu a chur in iúl?**

Measadh roinnt constaicí ar rannpháirtíocht i gClár PEACE III a bheith coitianta i roinnt mhaith de Chláir an AE. Ina measc, tá:

- Na deacrachtaí os comhair iarratasóirí agus sainiú soiléir á dhéanamh ar an ngá / an deis ar a dtabharfar aghaidh agus é / í a ailíniú le riachtanais an Chláir ina dhiaidh sin.
- Fianaise ar chomhairliúchán a chur ar fáil.
- Airítear brú ar thionscadail spriocanna caiteachais a bhaint amach.
- An gá le comhlíonadh iomlán rialuithe iniúchta a chinntiú.

Áitíodh i mórán aighneachtaí go bhfuil i bhfad níos mó cúnamh ag teastáil ag an gcéim réamhiarratais chun cabhrú leis na grúpaí sin a bhfuil an gá is mó acu leis na bacainní ar rannpháirtíocht a shárú. Maíodh nach mór a aithint go bhfuil machaire míchothrom ann maidir le rannpháirtíocht sa chlár – teastaíonn tacaíocht forbartha shuntasach ó na grúpaí sin a bhfuil rochtain á déanamh acu ar an gclár den chéad uair chun eolas a thabhairt dóibh faoi na héilimh a bhaineann le rannpháirtíocht sa chlár, lena n-áirítear meicníochtaí tacaíochta a chruthú lena dtreorú tríd an bpróiseas agus le cabhrú leo a gcuid oibre a chur chun feidhme. Teastaíonn cúnamh ó na grúpaí seo freisin chun plé le héilimh rialaithe agus fíoraithe an chláir. Iarrtar cur chuige níos tuisceanaí agus níos nuálaí um plé leis na grúpaí seo.

Shainaithin grúpaí a bhfuil baint acu le hobair don ógra gur bacainní ar rannpháirtíocht ag leibhéal grúpa agus eagraíochta iad an eagla roimh pháipéarachas, an eagla roimh

mhaorlathas agus go bhfágfadh fiacha orthu. Ag leibhéal duine aonair, cuireann daoine óga in aghaidh páirt a ghlacadh ann mar go bhfuil eagla orthu go ndiúltóidh a bpiaraí iad mar thoradh ar a rannpháirtíocht i gClár PEACE – déanann friotail ar nós “dá ndéanfainn sin, bhuaifí mé nó thabharfaí masla orm” nó “níl sé sin inghlactha san áit inar tógadh mé”, eaglaí agus neamhchinnteachtaí atá ag daoine óga faoi pháirt a ghlacadh a chur in iúl. D’fhonn tabhairt faoi na bacainní sin, maítear sna haighneachtaí ó ghrúpaí ógra go bhfuil gá leis na hacmhainní a chuirfidh cabhair iomchuí ar fáil do na grúpaí sin a sholáthar do na Comhpháirtíochtaí agus do SEUPB. Ní mór an cineál tacaíochta seo a bheith bunaithe ar chur chuige a chuireann in iúl “is é seo an dóigh lena dhéanamh mar is ceart” in ionad “caillfidh tú airgead mura ndéanann tú mar is ceart é”.

De bhreis air sin, tá bacainní ann go fóill ar obair a fhorbairt le pobail agus le grúpaí atá deacair le rochtain. Maíodh go bhfuil an-chuid den obair seo ag céim luath go fóill agus nach mór cuid mhór le déanamh go fóill. Bhain ceann amháin de na saincheisteanna chun tabhairt faoi seo le daoine ar tugadh ‘Geatóirí’ orthu laistigh de na pobail seo a chomhraic in aghaidh smacht a chailleadh ar áit a mheasadar a bheith mar chríoch dá gcuid féin.

Mar chríoch, fuarthas líon suntasach aighneachtaí ó ghrúpaí a bhfuil baint acu le cur chun cinn na Gaeilge. Áitíodh iontu gur bhacainn ar a rannpháirtíocht í an easpa acmhainní le páirt a ghlacadh sa Chlár trí mheán na Gaeilge.

## 3.2 Téamaí

### **Ceist 6.a Cén cineál athraithe is mian leat a fheiceáil ar shochaí Thuaisceart Éireann agus réigiún na teorann sna 7 mbliana romhainn?**

Téama coiteann i bhformhór na n-aighneachtaí ba ea an mhian go bhfeicfí sna 7 mbliana romhainn go neadófaí síocháin agus forbairt caidreamh dearfach tuilleadh i gcuidreamh comhthairbheach ina mbeadh forbairt agus cuimsiú eacnamaíoch arb é is príomhthréith ann rátaí níos ísle de dhífhostaíocht agus de neamhghníomhaíocht eacnamaíoch agus tuilleadh rathúnais. Go háirithe, cuireadh in iúl sna haighneachtaí gur mian le daoine go bhfeicfí laghdú ar dhífhostaíocht i measc na hóige agus pobal óg a bhfuil na scileanna riachtanacha acu chun fostaíocht a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh ar dhréimire na scileanna dá bharr.

## **Comhar aibí trasteorann**

Ina theannta sin, cuireadh mian in iúl in aighneachtaí go bhfeicfí forbairt á déanamh ar aibíocht an chomhair trasteorann laistigh de shochaí shibhialta agus idir lucht riaracháin phoiblí. Ba cheart go gcuirfí san áireamh anseo tuilleadh rochtana ar sheirbhísí trasteorann ar nós sláinte, oideachais agus iompair, go háirithe trí dhíriú ar cheantair thuaithe iargúlta. Ba cheart go gcuimseofaí anseo forbairt á déanamh ar chur chuige um fhorbairt phobail trasteorann agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le bochtaineacht, aonrú sóisialta, caidreamh pobail agus teannas ciníoch ar fud ceantair thuaithe de réigiún na teorann.

## **Ceannaireacht pholaitiúil**

D'fhonn buntacú leis na hardmhianta seo, bhíothas ag dúil i gcoitinne le ceannaireacht pholaitiúil láidir agus forbairt á déanamh ar straitéis chomhaontaithe um shíocháin agus athmhuintearas idir gach pobal, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna conspóideacha amhail bratacha, suaitheantais agus an léiriú traidisiún cultúrtha éagsúil. Ba cheart go dtiocfadh forbairt sochaí níos cuimsithí bunaithe ar chomh-mheas ar thraidisiúin, thuairimí agus luachanna na bpobal eile as sin. Chomh maith leis sin, beidh príomshruthú an chothaithe síochána agus an athmhuintearais ag teastáil ar fud ranna rialtais, gníomhaireachtaí rialtais agus údarais áitiúla. Ba cheart go ndéanfaidh sé forbairt ar an dul chun cinn iontach a rinneadh cheana ina leith seo.

## **Teannais phobail a laghdú**

Tá an-mhian ann le teannais idir pobail a laghdú agus le bacainní ar chomhar agus ar chumarsáid a dhíchur idir grúpaí éagsúla pobail. Ba cheart go gcuirfí san áireamh anseo dul chun cinn ar dhíchur na mbacainní infheicthe agus dofheicthe idir pobail, lena n-áirítear an gá le Ballaí Síochána inár gcathracha agus inár mbailte a dhíchur de réir a chéile. Ina leith seo, ní mór leanúint le hiontaoibh agus muinín a fhorbairt idir pobal agus na póilíní agus roinnt chur chuige pobalbhunaithe um póilíníú a phríomhshruthú. Cuireadh in iúl i gcuid mhór aighneachtaí freisin go rabhthas ag dúil le dul chun cinn a fheiceáil ar chur chuige níos comhtháite um thithíocht bunaithe ar iontaoibh agus ar mheas. Tá dúil freisin i laghdú ar choireacht, ar sheicteachas, ar choireacht fuatha, ar chiníochas agus ar leithcheal mar chuid de normalú na gcaidreamh idir pobail agus den fhorbairt cultúir ina bhfuil comh-mheas agus caoinfhulaingt. Tá tuairim ghinearálta ann go bhfuil ról láidir do cheannaireacht rialtais áitiúil san obair seo agus gur féidir le hobair Chomhpháirtíochtaí PEACE III cur go mór le baint amach na mianta seo. Ní mór do gach pobal muinín a bheith acu ina bhféiniúlacht féin, an

ábaltacht a bheith acu bogadh go saor, a bhféiniúlacht a chur in iúl agus mothú go bhfuil siad sábháilte agus saor ó bhagairt. Measadh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis na hardmhianta seo de réir mar a dhruidimid le tréimhse um chomóradh mórimeachtaí stairiúla sna blianta romhainn.

## **Fócas ar dhaoine óga**

Cuireadh an-bhéim san aighneacht ar an tábhacht a bhaineann le hobair a dhéanamh leis an óige. Ina leith seo, rinneadh tagairt i gcuid mhór de na haighneachtaí don ghá leis na scileanna, na heispéiris agus na huirlisí a dteastaíonn ó dhaoine óga le bheith ina rannpháirtithe gníomhacha sa tsochaí a chur ar fáil dóibh. Tugadh faoi deara gurb é dúshlán na dífhostaíochta i measc na hóige an dúshlán is mó os comhair ár ndaoine óga – is iadsan na daoine a d’fhulaing is mó sa chor chun donais domhanda eacnamaíoch. Léirítear i staitisticí Rialtais go rangaítear duine amháin as gach cúigear dár bpobal oibre idir 16-24 bliain d’aois gan a bheith i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna (NEET). Seasann na figiúirí sin do thart ar 48,000 duine dár ndaoine óga – is ionann é agus méadú 10,000 sna cúig bliana anuas, rud a chiallaíonn freisin go bhfuil ár ndaonra NEET ag fás ar ráta níos tapa ná an chuid eile den Ríocht Aontaithe. Ó Chomhaontú Aoine an Chéasta i 1998 i leith, tháinig méadú níos mó ná dhá oiread ar dhífhostaíocht i measc na hóige agus tá sé soiléir go bhfuil an chuid is tréine den chúlú á fulaingt ag an óige. Tá caint ar ghlúin chaillte forleathan agus tá contúirt fhíor ann go mbeidh daoine óga dífhostaithe an lae inniu ar dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach na todhchaí agus go dtiocfaidh siad faoi thionchar grúpaí easaontacha agus coirpeach. Sonraíodh i gcuid mhaith de na haighneachtaí go bhfuil buama ama sóisialta agus eacnamaíoch os ár gcomhair, rud a dhéantar níos measa leis an bhfíric go bhfuil easpa oibre in ionad easpa eitic oibre ar an bhfadhb i dTuaisceart Éireann. Is ‘óige deise’ iad ár ndaoine óga mar gheall ar an gcumas neamhúsáidte a thairgeann siad. Tá an cumas acu scileanna, ceannaireacht, fuinneamh agus díograis a chur lenár ngeilleagar. Ba mhaith leo réitigh i gcomhair todhchaí níos fearr a chur ar fáil. Ní mór dúinn cabhrú leo agus a n-ábaltacht a úsáid.

## **Oideachas**

D’fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, aibhsítear i bhformhór na n-aighneachtaí nach mór an dóigh ina gcuirimid oideachas ar ár ndaoine óga a athrú. Cuireadh in iúl i roinnt aighneachtaí go bhfuil dúil in earnáil oideachais chomhroinnte aonair a fheiceáil. Tá dúil in athrú a neadú sna struchtúir oideachais agus i soláthar a dhéanamh don fhorbairt clár a thacaíonn le cleachtais oibre chomhoibríochacha idir scoileanna; don soláthar deiseanna le haghaidh tuilleadh teagmháil trasteorann agus tuilleadh teagmhála le daoine óga i ngach



pobal; don oiliúint múinteoirí chun scileanna a thabhairt dóibh chun obair laistigh de thimpeallacht foghlama chomhtháite; don chomhroinnt acmhainní ar nós scoileanna, áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire agus áiseanna pobail; an fhorbairt nasc idir an córas foirmiúil oideachais agus an pobal. Ina leith seo, caithfear straitéis uileghabhálach maidir le hobair a dhéanamh le daoine óga, lena dteaghlach agus lena bpobal a fhorbairt.

### **Pobail ghníomhacha**

Tugtar le fios go bhfuiltear ag dúil le pobail chumasaithe ghníomhacha a fheiceáil a bhfuil daoine óga lárnach iontu; le breisiú na gceantar atá díothach ón taobh sóisialta de trí fhorbairt acmhainn an phobail, trí fhoghlaim, trí mhuintir agus spreagadh agus trína ndéanamh níos fiosraí. Is féidir leis na himthosca cumasúcháin sin cabhrú le pobail a fhorbairt atá athléimneach agus a fhéadann tús a chur le dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla shóisialta agus eacnamaíocha a bhíonn os a gcomhair ar bhonn laethúil. Léireofar é seo le pobail atá níos áthasaí, níos forásaí, níos rathúla agus níos síochánta.

### **Tabhairt faoi iarmhairtí trasghlúine na coimhlinte**

Cuireadh in iúl go bhfuiltear ag dúil go dtabharfaí aghaidh ar iarmhairtí trasghlúine na coimhlinte trí rochtain ar sheirbhísí cóireála tráma a chur ar fáil dóibh siúd a ndeachaigh an choimhlint i bhfeidhm orthu. Creidtear go bhfuil soláthar seirbhíse sa réimse seo in easnamh agus tá Clár PEACE an-oiriúnach do thabhairt faoin ngá seo.

### **Ról na mban**

Aibhsíodh i gcuid mhór aighneachtaí go bhfuiltear ag dúil le haghaidh a thabhairt ar ról na mban laistigh den tsochaí i gcomhréir le forálacha Rún Uimh. 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba éard a bheadh i gceist anseo ná cur chuige réamhghníomhach maidir le rannpháirtíocht na mban i ngach institiúid sa réigiún a spreagadh agus maidir le háirithiú go mbeadh baint dhlúth acu le pleanáil agus cinnteoireacht laistigh den tsochaí. Éileoidh sé seo an fhorbairt deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, forbairt scileanna, ullmhúchán d'fhostaíocht agus tacaíocht leanaí.

## **Ceist 6.b Cén cineál gníomhaíochtaí ar cheart do Chlár PEACE maoiniú a chur ar fáil dóibh chun an t-athrú seo a chur i bhfeidhm?**

Cé go raibh comhaontú ginearálta ann faoin raon gníomhaíochtaí a bhí ag teastáil chun an t-athrú inmhianaithe a cuireadh in iúl sna haighneachtaí a chur i bhfeidhm, bhí easaontú ann go pointe áirithe faoin treosuíomh leathan a bheadh ag Clár PEACE ar bith sa todhchaí. Ceapadh i gcuid de na haighneachtaí go raibh fócas eacnamaíoch níos mó ar obair an Chláir ag teastáil agus, mar sin de, moladh gníomhaíochtaí a bhí dírithe go láidir ar réimsí forbartha eacnamaíche. D'áireofaí leis an gcur chuige seo gluaiseacht amach ó thacú le grúpaí spriocdhírthe amhail iarphríosúnaigh agus na hacmhainní a thabhairt do ghníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche, lena n-áirítear oiliúint, oideachas, ullmhúchán don obair agus rannpháirtíocht daoine óga sa tsochaí. Cuireadh in iúl i dtromlach na n-aighneachtaí, áfach, go rabhthas ag dúil le forbairt a dhéanamh ar obair Chlár PEACE III atá ann cheana agus, tríd sin, obair go dlúth le pobail agus le grúpaí spriocdhírthe amhail iarphríosúnaigh, íospartaigh daoine óga agus mná.

### **Forbairt a dhéanamh ar PEACE III**

Sna haighneachtaí a thacaigh le leanúint le hobair a dhéanamh ar obair Chlár PEACE III atá ann cheana, rinneadh moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí atá bunaithe ar na prionsabail um thorthaí cothaithe síochána agus athmhuintearais a uasmhéadú; um meicníochtaí agus struchtúir éifeachtacha a chur chun feidhme maidir le seachadadh; um thosaíocht a thabhairt do Shíocháin agus Athmhuintearas trasteorann; um úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní reatha Síochána agus Athmhuintearais a chinntiú; um thacaíocht, mheantóireacht agus líonrú eolasbhunaithe a chur ar fáil; um acmhainn agus inbhuanaitheacht institiúideach a fhorbairt i gcothú síochána; um an ualach riaracháin a laghdú.

### **Daoine óga**

Mhaígh an bhéim shuntasach ar dhaoine óga a tháinig aníos sna haighneachtaí go léir go raibh sé tábhachtach a chinntiú, agus soláthar do dhaoine óga á mhaoiniú, go gcuirfí san áireamh ann naisc shainiúla le deiseanna níos fadtéarmaí do dhaoine óga chun forbairt dhearfach a dhéanamh agus dul isteach agus dul chun cinn a dhéanamh san ionad oibre, in oiliúint agus i mbreisoideachas agus in ardoideachas. D'fhéadfaí tacaíocht don fhorbairt scileanna éigeantacha i measc daoine óga a chur san áireamh anseo trí sholáthar a dhéanfadh timpeallacht chomhroinnte na gcoláistí breisoideachais, i gcomhar le scoileanna, agus trí sholáthar a dhéanfaí inti. D'aimsigh cuid mhór daoine óga i mbaol eisiamaí sóisialta agus eacnamaíoch agus coimhthithe nach timpeallacht foghlama bharrmhaith í scoil, agus

d'fhéadfadh tionscnamh den chineál seo cur go mór le líon na ndaoine idir 16-24 bliain d'aois nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna sa todhchaí a laghdú. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar an-dearfach aige sin faoi seach ar dheiseanna sa saol ar fud an tsaoil, toisc go bhfuil bonn fianaise suntasach ar éifeachtaí “cráite” na dífhostaíochta i measc daoine óga, agus go mbeadh an tionchar céanna aige ar athmhuintearas. Rinneadh tagairt do straitéis *Pathways to Success* de chuid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann chun eisiáimh a chosc agus rannpháirtíocht daoine óga idir 16 bliana agus 24 bliain a chur chun cinn. Moladh freisin go bhféadfadh PEACE IV cabhrú le tacaíocht a thabhairt do chlár atá ceaptha le huirlisí, modhanna agus scileanna a chur ar fáil do dhaoine óga atá ag teastáil chun a bheith ábalta dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí agus freagairt dóibh. Baineann na dúshláin sin leis na gairmeacha is fearr leo a fháil trí oiliúint agus trí thaithí ionad oibre thar lear. Arís, déanfar é seo trí rannpháirtíocht ar bhonn comhroinnte le hathmhuintearas a chur chun cinn. Ba cheart leanúint le tacaíocht a thabhairt do dheiseanna do dhaoine óga teacht le chéile trí spórt freisin.

### **Forbairt acmhainní**

Moladh freisin go mbeadh sé tábhachtach leanúint le soláthar a dhéanamh d'fhorbairt acmhainní a fheabhsú tuilleadh do phobail agus go háirithe le tacú le tionscnaimh a thabharfadh faoi bhochtaineacht agus leithlisiú tuaithe. Ba cheart go gcuirfí san áireamh anseo leanúint leis an obair athghiniúna le grúpaí féiniúlachta aonair chun comhar níos dlúithe trasna teorainneacha pobail a bhaint amach san fhadtéarma. Moladh go mbainfeadh cuid mhór den obair seo leas as tuilleadh comhtháthaithe agus comhordaithe idir Clár de chuid an AE. Is i gcomhréir leis an ról beartaithe d'údaráis áitiúil faoin Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí atá an cur chuige seo agus tá gá lena chinntiú go ndéanfar ról ceannaireachta na n-údarás áitiúil a chur chun cinn agus go dtacófar leis.

### **Tacaíocht cheantarbhunaithe**

Moladh gur cheart cur chun cinn a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a spreag tacaíocht cheantarbhunaithe in eastáit agus i sráidbhailte a sainaitníodh go bhfuil idirghabháil shainiúil ag teastáil uathu chun dul i ngleic le saincheisteacha seicteachais agus/nó ciníochais. Ba cheart cur chuige ceantarbhunaithe den chineál sin a bheith solúbtha go leor leis na naisc idir an gá le cothú síochána agus acmhainn lag phobail/bonneagar lag pobail agus easpa rathúnais eacnamaíoch a aithint. Ba cheart an soláthar gníomhaíochtaí spriocdhírithé do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí/dá gcaomhnóirí a chur san áireamh trí thacaíocht teaghlaigh, trí réamhscoileanna, trí bhunscoileanna, trí mheánscoileanna, trí

eagraíochtaí faoi éide agus trí ghrúpaí ógra. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí cur chun cinn an smaoinimh gur “gnó gach duine cothú na síochána” le gnóthais áitiúla a chur san áireamh anseo. D'aithneodh sé sin na buntáistí a bhaineann le cothú síochána sa gheilleagar áitiúil. Ba cheart obair atá dírithe ar chomhtháthú na mionlach eitneach laistigh den phobal áitiúil a chur san áireamh anseo freisin chun naisc idir na pobail mionlach áitiúil agus eitneach a fheabhsú agus chun cabhrú le mionlaigh eitneacha agus le hoibrithe imirceacha ciníochas a bhaineann le hoidhreacht na coimhlinte a shárú.

### **Cláir oideachais**

Rinneadh argóintí láidre ar son leanúint a dhéanamh le cuid de na gníomhaíochtaí rathúla a maoiníodh trí PEACE III, cláir oideachais curtha san áireamh – (cláir ghrúpaí súgartha/naíscoileanna, bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna), lena n-áirítear cláir oideachais chomhroinnte atá dírithe ar naisc a fhorbairt idir scoileanna ó earnálacha éagsúla agus caidreamh idir an dá phobal is mó a fheabhsú, rud a chruthóidh an cumas le haghaidh comhoibrithe, comhroinnte agus comhair sa todhchaí.

### **Limistéar coiteann**

Tacaíodh i gcuid mhaith aighneachtaí le maoiniú leantach le haghaidh tionscadail chaipitil atá dírithe ar limistéir choiteanna phoiblí a chruthú agus a mbeadh an cumas acu tábhacht agus feidhm mhaoiniú PEACE a thaispeáint. Ba cheart clásail shóisialta i leith fostaíocht áitiúil agus/nó forbairt áitiúil a chur san áireamh sna tionscadail seo agus ba cheart clár oibre dírithe ar bhaint amach chuspóirí an chláir iad a chomhlánú. Ba cheart fócas a bheith sna tionscadail sin ar limistéir choiteanna phoiblí a chur chun cinn agus ar limistéir agus áiteanna atá in iomaidh nó tréigthe a aistriú go láithreáin agus go hionaid a fheidhmíonn ar mhaithe leis an bpobal.

### **Grúpaí spriocdhírthe**

Cuireadh argóintí ar aghaidh i bhfabhar an ghá le hobair leantach le teaghlaigh, le híospartaigh, le hiarphríosúnaigh / le hiarchomhairceoirí agus le hiarbhaill agus baill reatha de na fórsaí slándála. Éilítear tionscadail a thugann aghaidh ar na cúiseanna leis an mbraistint imeallaithe atá ag na grúpaí sin, a chruthaíonn deiseanna le haghaidh teagmhála leis an bpobal níos leithne agus a sholáthraíonn an deis dóibh a gcuid tuairimí a chur in iúl. Tá gá go háirithe le hobair a dhéanamh le mná a d'fhulaing mar fhreagairt dá staid sa teaghlach ach a bhfuil neamhiontas á dhéanamh ag ár bpróiseas síochána díobh, i dteannta an tionchair a d'imir sé sin ar a gcuid leanaí. Tá gá le hoideachas a chumasaíonn tuiscint níos fearr ar fud shochaí Thuaisceart Éireann ar spreagthachtaí na ndaoine sin a bhí

bainteach leis na gnéithe éagsúla de na ‘Trioblóidí,’ idir bhaill den arm, phóilíní agus eagraíochtaí paraimíleata agus choimeádaithe síochána, idirghabhálaithe agus oibrithe pobail an lae inniu.

### **Deich mbliana de chuimhneacháin**

Rinneadh tagairt i gcuid mhór aighneachtaí do na deich mbliana de chuimhneacháin atá le teacht. Rinneadh moltaí gur cheart forálacha a bheith sa chlár nua chun pleanáil le haghaidh cur chuige comhtháite maidir le bainistíocht na gcuimhneachán sin. Áitíodh freisin nach mór roinnt solúbthachta a chur leis an gclár chun freagairtí idirghníomhacha do na himeachtaí a chumasú de réir mar a fhorbraíonn siad ar an talamh.

### **Taighde ón earnáil phobail agus dheonach**

Áiríodh na nithe seo a leanas leis na moltaí is coitianta le haghaidh ghníomhaíochtaí PEACE IV a tháinig chun cinn as taighde a rinneadh laistigh den earnáil phobail agus dheonach:

- Dífhostaíocht i measc na hóige.
- Oideachas (agus oideachas comhroinnte go háirithe).
- Plé lenar tharla roimhe.
- Obair idirghlúine.
- Línte tuaithe síochána agus na bacainní ‘dofheicthe’ idir pobail.
- Díriú ar cheantair a bhfuil díbhinn íseal síochána acu.

### **Cuspóirí téamacha**

D’fhéadfaí cuid mhór de na gníomhaíochtaí molta a chatagóiriú go leathan faoin gceannteideal ‘*Cuimsiú Sóisialta agus Bochtaineacht a Chomhrac*’ (Cuspóir Téamach 9). Cuireadh an tuairim in iúl i gcuid mhór aighneachtaí gur cheart do Chlár PEACE IV díriú ar na fadhbanna idirghlúine atá forleathan sa réigiún go fóill. Tá na fadhbanna sin ina mbac ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh, ar phobail agus ar an réigiún ina iomláine agus ba cheart páirt lárnach a bheith ag Clár amach anseo i ndíriú a dhéanamh orthu. Beidh an cuspóir atá ag cuimsiú sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac ríthábhachtach chun cabhrú le Tuisceart Éireann dul chun cinn a dhéanamh ón taobh sóisialta agus eacnamaíoch aron de. Moltar freisin go gcabhródh tacaíocht d’fhiontair shóisialta le cuid den fhadhb seo a réiteach toisc go bhfuil roinnt daoine ann nach raibh i bhfostaíocht riamh. D’fhéadfadh sé seo cabhrú le braistint chomhtháthaithe a fhorbairt sa phobal agus a bheith mar bhuntáiste don gheilleagar.

D'fhéadfaí cuid de na gníomhaíochtaí molta a chatagóiriú faoin gceannteideal 'Oideachas, Scileanna agus Foghlaim ar feadh an tSaoil' (Cuspóir Téamach 10). Cabhróidh infheistíocht in oideachas, scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil trí bhíthin bonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus comhscéimeanna oideachais agus oiliúna a chur chun feidhme le tearcghnóthachtáil oideachais idirghlúine agus leis an líon mór saincheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis seo a chomhrac.

Fuarthas raon moltaí sainiúla le haghaidh gníomhaíochtaí in aighneachtaí agus liostaítear in Aguisín 4 iad. D'fhéach SEUPB lena liostú in aghaidh an Chuspóra Théamaigh iomchuí. Ionas gur féidir tagairt a dhéanamh dó seo go furasta, ba cheart a nótáil gur cuireadh tionscadail sna téamaí coitianta le chéile. Ní sainchatagóiriú é seo agus níor cheart amharc air mar mheasúnacht ar incháilitheacht.

### **Ceist 6.c. Bunaithe ar do fhreagra ar cheist 6.a. agus ar cheist 6.b., agus ar an liosta de chuspóirí téamacha in Aguisín 2 den Cháipéis Faisnéise Chomhairliúcháin, sainaithe 4 chuspóir téamacha ar a mhéad ba cheart a chur san áireamh sa chlár nua.**

Ba iad na téamaí is coitianta a moladh sna haighneachtaí na nithe seo a leanas:

- ***Cuspóir Téamach 10 –Oideachas, Scileanna agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil***
- ***Cuspóir Téamach 9 –Cuimsiú Sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac***
- ***Cuspóir Téamach 8 –Fostaíocht agus soghluaisteacht lucht saothair a chur chun cinn***
- ***Cuspóir Téamach 11 –Cumas Institiúideach a Fhorbairt agus Riaracháin Éifeachtúla Phoiblí***

Áiríodh na nithe seo a leanas le moltaí eile le haghaidh téamaí:

- ***Cuspóir Téamach 1 - Taighde agus Nuálaíocht***
- ***Cuspóir Téamach 2 – Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide - leathanbhanda níos fearr a chur i bhfeidhm – rochtain do gach duine***
- ***Cuspóir Téamach 3 – Iomaíochas na bhFiontar Beag agus Meánmhéide***

- ***Cuspóir Téamach 6 – Cosaint an chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní***

## **Ceist 6.d Cad iad na tuairimí atá agat maidir le gné forbartha inbhuanaithe uirbí agus / nó rogha infheistíochta comhtháite críche a chur san áireamh sa chlár? (Féach aguisín 3 den Cháipéis Faisnéise Chomhairliúcháin)**

Bhí na haighneachtaí a fuarthas ó eagraíochtaí agus ó ghrúpaí atá lonnaithe laistigh de thimpeallachtaí uirbeacha go mór i bhfabhar an choincheapa um fhorbairt inbhuanaithe uirbeach agus infheistíocht críche chomhtháite.

Cuireadh buairt in iúl i bhformhór na n-aighneachtaí, áfach, faoin gcumas a bhí ag roinnt cur chuige den chineál seo baint ó phríomhobair Chlár PEACE agus ceapadh iontu go mbeadh an cur chuige seo níos oiriúnaí do INTERREG ná do PEACE. Aibhsíodh freisin go mbeadh sé deacair a bheartú conas a d'fhéadfadh cur chuige mar sin a ghlacadh ar bhonn comhsheasmhach ar fud an réigiúin roimh atheagrú rialtais áitiúil i dTuaisceart Éireann i 2015. D'fhéadfadh eagrú cnuasaigh na gComhairlí a saothraíodh faoi PEACE III bloc tógála a chur ar fáil le haghaidh cur chuige mar sin a fhorbairt; mar sin féin, bheadh sé tábhachtach meicníochtaí láidre a ionchorprú chun comhsheasmhacht le straitéisí réigiúnacha agus comhlántacht straitéisí réigiúnacha a chinntiú. Mar an gcéanna, níor cheart aon chur chuige a chuireann forbairt uirbeach san áireamh dul chun dochair do thacú le pobail tuaithe agus ba cheart foráil do thacú le naisc tuaithe / uirbeacha a chur san áireamh ann.

Aithníodh in aighneachtaí inar cuireadh buarthaí faoin gcur chuige seo a ghlacadh in iúl go bhfuil láidreachtaí sna prionsabail taobh thiar den tsamhail seo a chuireann cur chuige comhtháite chun cinn a chomhcheanglaíonn réimsí ar nós athnuachan fhisiceach, cur chun cinn an oideachais, forbairt eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta agus comhpháirtíochtaí láidre idir saoránaigh áitiúla, sochaí shibhialta, an geilleagar áitiúil, agus rialtas réigiúnach áitiúil.

## Ceist 6.e An bhfuil aon tionscadail ar intinn agat a chuirfidh leis an gcineál athraithe a mheasann tú a bheith riachtanach laistigh den réigiún a chur ar fáil?

Ba éard a bhí sna haighneachtaí cuid mhór moltaí faoin gcineál tionscadal a d'fhéadfaí a chur chun feidhme chun an cineál athraithe a rabhthas ag dúil leis sa réigiún a chur ar fáil. D'fhreagair formhór na n-aighneachtaí do na cineálacha gníomhaíochtaí a moladh sna freagraí ar cheist 6.b. agus liostaítear in Aguisín 4 iad. D'fhéach SEUPB lena liostú in aghaidh an Chuspóra Théamaigh iomchuí. Ionas gur féidir tagairt a dhéanamh dó seo go furasta, ba cheart a nótáil gur cuireadh tionscadail sna téamaí coitianta le chéile. Ní sainchatagóiriú é seo agus níor cheart amharc air mar mheasúnacht ar incháilitheacht.

Ba éard a bhí i gcuid mhór de na haighneachtaí freisin ná moltaí níos sainiúla maidir leis an gcineál tionscadal ba cheart a mhaoiniú.

Moladh i roinnt aighneachtaí gur cheart don Chlár leanúint air tacú leis na tionscadail a bhaineann le *Limistéar Coiteann a Chruthú*. Moladh freisin gur cheart iarraidh ar na tionscadail sin a fuair faomhadh an choiste stiúrtha in PEACE III ach nár maoiníodh de dheasca easpa acmhainní iarratas a dhéanamh arís ar PEACE IV. Moladh freisin gur cheart fócas láidir ar dhaoine óga a bheith i dtionscadail sa réimse seo amach anseo. Fuarthas smaoineamh tionscadail sonracha a bhaineann le comhshuí na soláthraithe córais cheartais i 'lárionad ceartais'. Baineann moladh an-sonrach eile le forbairt a dhéanamh ar 'Lárionad Réigiúnach Tráma' den chéad scoth a dhíríonn ar dhul i ngleic le saincheisteanna maidir le tráma de dheasca coimhlinte trí úsáid a bhaint as cur chuige iomlánaíoch, ildisciplíneach agus ilghníomhaireachta.

Rinne an-chuid de na comhpháirtíochtaí bunaithe ar údarais áitiúla moltaí a chur ar aghaidh le haghaidh tionscadal atá dírithe ar athnuachan na gceantar i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha araon atá díothach ón taobh fisiceach de. Chuimsigh comhpháirt thábhachtach anseo forbairt na hathnuachana ag ceantair chomhéadain, lena n-áirítear leanúint leis an obair chun bacainní a oscailt idir pobail agus na bacainní sin a bhaint sa deireadh. Áiríodh le cur chuige ar leith a moladh ina leith seo ná an togra le moil phobail a fhorbairt – is iad sin ionaid oideachais bunaithe go háitiúil a chuirfeadh deiseanna ar fáil do phobail acmhainní agus foghlaim a chomhroinnt agus dul i ngleic le saincheisteanna forleathana sóisialta agus eacnamaíocha trí chur chuige níos comhtháite agus níos comhoibríche.



Bhí cuid mhór moltaí ann a bhain leis an bhforbairt tionscadal oideachais, oiliúna agus forbartha do dhaoine óga. Go háirithe, ba cheart na tionscadail a moladh a bheith dírithe ar an ngrúpa daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna (NEET) agus tabhairt faoi riachtanais na ndaoine sin i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Áirítear leis seo moltaí le haghaidh margaí fostaíochta idirmheánacha a fhorbairt mar chuid de straitéis um scileanna, muinín agus acmhainn a fhorbairt chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga.

Rinneadh tagairt i gcuid mhór de na haighneachtaí don ghá le tionscadail a bhí bainteach le hobair a dhéanamh leis an earnáil fhoirmiúil oideachais chun roinnt cur chuige comhtháite agus/nó comhroinnte maidir le hoideachas a fhorbairt. Tá samplaí de dhea-chleachtas ar fáil ar fud an réigiúin agus moladh sna haighneachtaí gur cheart iad a úsáid mar bhunús ar a ndéanfaí forbairt.

Mar chríoch, ba éard a bhí i líon mór aighneachtaí ná moltaí le haghaidh tionscadal agus tionscnamh a dhíreofaí ar chur chun cinn a dhéanamh ar thuiscint ar an nGaeilge mar uirlis i gcomhair comhthuiscint agus athmhuintearas idir pobail a fhorbairt.

### **3.3 Meicníochtaí Seachadta**

#### **Ceist 7.a Agus aird á tabhairt ar chuspóirí sonracha Chlár PEACE, cad iad na meicníochtaí a mheasann tú a bheith cuí le cur chun feidhme i gClár PEACE IV?**

Bhí tacaíocht an-leathan ar fud na n-aighneachtaí uile do leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige i leith seachadadh cláir i gclár PEACE III ar feadh thréimhse an chlár nua. Go háirithe, tugadh tacaíocht láidir do leanúint ar aghaidh leis na struchtúir chomhpháirtíochta bunaithe ar údaráis áitiúla, in éineacht le raon meicníochtaí chun tionscadail a chur chun feidhme agus a sheachadadh ar fud an réigiúin. Moltar gur cheart don chlár nua féachaint le struchtúir Chomhpháirtíochta PEACE a chur ar chomhréim leis na teorainneacha nua atá beartaithe faoi RPA. Moltar freisin gur gá na struchtúir sin a 'phromhadh' i gcomhair comhionannais agus ionadaíocht tuaithe araon d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad fíorionadaíoch.

I Réigiún Teorann na hÉireann, moltar gur cheart na hathruithe a rinneadh le déanaí ar ról na n-údarás áitiúil a chur san áireamh nuair atá cuir chuige á ndearadh le haghaidh

seachadadh cláir amach anseo. Go háirithe, ba cheart an ról a bheidh ag struchtúir na gCoistí Sóisialta agus Eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh.

Cuireadh in iúl i roinnt aighneachtaí go bhfuil gá le leas a bhaint as taithí agus as cuntas teiste na gcomhpháirtíochtaí pobail atá á spreagadh ag cleachtas atá ann cheana féin. Ba cheart do na grúpaí agus na hinstiúidí sin ar éirigh leo torthaí dearfacha a sheachadadh roimhe sin a bheith páirteach i gceapadh agus i gcur chun feidhme chlár PEACE amach anseo – tá na grúpaí seo ar an eolas ar na ceachtanna a foghlaimíodh san am atá thart, tá taithí acu ar na dúshlán ar leith a bhaineann leis an gcineál oibre seo, agus tá socrúithe comhpháirtíochta i bhfeidhm acu chun tosú ag obair láithreach.

Bhí comhaontú uilíoch ar an ngá atá le laghdú a dhéanamh ar an méid ama a thógtar chun iarratais tionscadail a fhaomhadh. Ba cheart an próiseas seo a thagarmharcáil in aghaidh an dea-chleachtas in áiteanna eile san Eoraip agus ba cheart amanna measúnaithe agus amanna faofa a laghdú go dtí meánfhigiúr na hEorpa de 20-26 seachtain. Chun é sin a bhaint amach, beidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar ról na ranna cuntasacha sa phróiseas faofa agus sa phróiseas cinnteoireachta. Aontaíodh go ginearálta gur cheart próiseas cinnteoireachta amháin a bheith ann, rud a mbeadh na príomhpháirtithe uile páirteach ann. Aontaíodh go ginearálta freisin gur gá laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin atá ar fhaighteoirí deontais.

Moladh freisin go bhféadfadh dúbláil teacht as struchtúir áitiúla chur chun feidhme agus go bhféadfaí argóint i bhfabhar struchtúir sheachadta cláir don réigiún ar fad. D'fhéadfaí é sin a réiteach trí chumarsáid agus trí chomhordú níos fearr idir na grúpaí comhpháirtíochta agus trí chumarsáid agus trí chomhordú níos mó le soláthraithe seirbhíse eile, idir reachtúil agus dheonach.

Moladh i roinnt aighneachtaí go raibh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a bpoiblítear cuirí le haghaidh iarratas d'fhonn rannpháirtíocht níos mó ag na pobail agus ag na grúpaí sin nach raibh páirteach sa Chlár san am atá caite a chinntiú. Tá sé tábhachtach go ndéantar gach iarracht chun cuimsitheacht fhorleathan a bhaint amach sa chlár.

Tugadh tacaíocht ghinearálta don ról a bhí ag Cuibhreannas CRC/Phobal maidir le téama 1.2 den Chlár a chur chun feidhme agus a sheachadadh. Measadh gur an-tairbheach a bhí saineolas an Chuibhreannais seo sa chuid íogair seo de ghníomhaíocht an Chláir.

Go ginearálta, moladh go mbeadh sé tábhachtach comhlántacht a chinntiú le gníomhaithe eile atá ag obair ar fud an réigiúin, cibé na meicníochtaí seachadta a chuirfear chun feidhme.

Go háirithe, tá dlúth-chomhordú agus dlúth-chomhoibriú le soláthraithe seirbhíse reachtúla agus le feidhmitheoirí príomhbheartais ag teastáil, lena n-áirítear struchtúir thrédhearcacha a chruthú le haghaidh comhoibrithe le heagraíochtaí maoinithe eile.

### **Ceist 7.b Cad iad do thuairimí maidir leis an gCur Chuige Forbartha Áitiúla Pobaltreoraithe agus / nó Comhpleananna Gníomhaíochta a úsáid? (faoi mar atá leagtha amach in Aguisín 4 den Cháipéis Faisnéise Chomhairliúcháin)**

Mar gheall ar an rath a bhí ar na struchtúir chomhpháirtíochta atá ann cheana féin ó thaobh seachadadh agus cur chun feidhme cláir de, tugadh tacaíocht bhunúsach do scrúdú a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh CLLDanna a thairiscint.

Go ginearálta, tugadh faoi deara go raibh saintréithe spéisiúla úsáideacha ag baint le Comhpleananna Gníomhaíochta, mar a tuairiscíodh iad sa cháipéis chomhairliúcháin. Measadh, áfach, go mbeadh an cur chuige sin níos oiriúnaí do thionscadail chaipitil tógála, ina bhféadfaí clocha míle agus aschur intomhaiste ar leith a dhoiciméadú. De bharr an chineáil oibre a dhéanann Clár PEACE, níl an cur chuige sin oiriúnach. Tá cuid mhór den dul chun cinn incriminteach agus tá sé doiligh a thomhas.

## Cuid 4: Ceisteanna Ginearálta a Bhaineann leis an Dá Chlár

### Ceist 8: Tabhair moltaí faoin dóigh a bhféadfaí feabhas a chur ar an bpróiseas measúnaithe agus faofa i dtréimhse an chláir nua chun a chinntiú go bhformheasfar tionscadail ar bhealach tráthúil.

Cuireadh míshástacht fhorleathan in iúl maidir leis an am a thógtar chun measúnú a dhéanamh ar iarratais sa tréimhse chláráithe reatha. Tugadh roinnt freagróirí na tionchair éagsúla a bhíonn ar na hamanna fada próiseála faoi deara, lena n-áirítear:

- Bíonn sé deacair pleanáil oibríochtúil agus foirne a dhéanamh laistigh d'eagraíocht;
- Bíonn sé deacair gealltanais le haghaidh maoiniú meaitseála a dhaingniú agus a choimeád ar bun (saincheist mhór i measc fhreagróirí na hAlban go háirithe);
- Díspreagann sé rannpháirtíocht maoinitheoirí eile i socruithe cómhaoinithe;
- Moilleanna ar thosach feidhme tionscadail, rud as a dtagann brú chun spriocanna caiteachais a chomhlíonadh;
- Is féidir moilleanna ar thosach feidhme a fhágáil go mbeidh leasuithe buiséid ag teastáil, rud as a n-eascaíonn próiseas breise measúnaithe ina dhiaidh sin.

Bhain na tuairimí is coitianta agus na tuairimí a cuireadh in iúl ar an mbealach is láidre leis an am a thógtar chun measúnú a dhéanamh ar iarratais/ chun cinntí a dhéanamh. Bhain siad go háirithe le ról na mbreithmheasanna eacnamaíochta / na Ranna Cuntasacha agus le nádúr déach an phróisis chinnteoireachta.

Cuireadh tuairimí agus moltaí in iúl faoi gach céim den phróiseas, áfach. Tá na tuairimí curtha i ngrúpaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Cuirí le haghaidh iarratas
- Coistí measúnaithe agus stiúrtha
- Breithmheasanna eacnamaíochta
- Ról na roinne cuntasáí
- Tuairimí eile

#### Cuirí le haghaidh Iarratas agus Foirmeacha Iarratais

- Ba cheart do chláir amchlár soiléir cuirí, bunaithe ar théamaí, a leagan síos ag an tús, agus dátaí comhaontaithe cinnidh ag gabháil leo. Luadh an Big Lottery mar chlár amháin a úsáideann an córas sin.
- Bhainfeadh iarratasóirí tairbhe as tuilleadh tacaíocht réamhiarratais, go háirithe i gcás bunú comhpháirtíochtaí.

- Bheadh ceardlanna bunaithe ar théamaí úsáideach.
- Ba cheart freastal ar cheardlanna réamhiarratais a bheith éigeantach.
- Ba cheart treoirilínte soiléire a leagan síos ag tús an chuiridh agus níor cheart iad a athrú.
- Tá gá le hiarrachtaí méadaithe chun iarratasóirí nua a spreagadh. Mar shampla, d'fhéadfaí iad a spreagadh chun comhpháirtíochtaí a bhunú le comhpháirtithe a bhfuil taithí acu.
- Is féidir leis an bpaca measúnachta tionchair le haghaidh comhoibriú trasteorann cabhrú le hiarratasóirí chun iarratais a ullmhú.
- Ba cheart do gach cuireadh i gClár INTERREG a bheith ar oscailt d'Albain.
- Tá próifíl níos airde in Albain ag teastáil ó SEUPB agus ní mór dó níos mó tacaíochta a thabhairt d'iarratasóirí sa tír.
- Cuireadh fáilte roimh an bpróiseas dhá chéim a úsáideadh sa chuireadh is déanaí ag INTERREG. Thug freagróirí faoi deara go gcuirfeadh tacaíocht dhian ag an dara céim feabhas ar an gcáilíocht agus go n-oirfeadh an tacaíocht sin don Chlár. Mhol roinnt freagróirí gur cheart cúnaimh teicniúil a chur ar fáil ag an gcéim seo.
- Ba cheart an próiseas dhá chéim a leathnú chuig Clár PEACE, nó ba cheart foirm um léiriú spéise a bheith ann don chlár seo.
- Cheap roinnt freagróirí gur róthapa a bhí measúnú Chéim 1 sa chuireadh is déanaí ag INTERREG. Mar gheall air sin, ceapadh go raibh easpa géire i gceist leis.

### Coiste Measúnaithe agus Stiúrtha

- Ba cheart cumarsáid níos fearr a bheith ann idir an measúnóir agus an t-iarratasóir. Moladh go mbainfeadh measúnú an tionscadail tairbhe as agallamh duine le duine idir an measúnóir agus an t-iarratasóir.
- Ní gá do mheasúnuithe a bheith níos tapa agus ní mór spriocdhátaí soiléire le haghaidh freagraí a bheith ag gabháil leo.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chead a thabhairt do dhaoine a dtionscadal a chur i láthair go díreach os comhair an Choiste Stiúrtha; measadh é sin a bheith níos sásúla ná roinnt ceisteanna scríofa a bheith á gcur isteach.
- Níor cheart ualú a thabhairt do thionscadail atá á dtabhairt ar aghaidh mar chuid de straitéis nó de chlár níos leithne.
- Tá sé tábhachtach go bhfuil inniúlacht theicniúil ag na Coistí Stiúrtha, agus ba cheart na critéir cheapacháin a athbhreithniú dá réir.
- Ba cheart don phróiseas cinnteoireachta a bheith go hiomlán trédhearcach. Tá gá lena chinntiú go bhfuil an córas oibiachtúil agus saor ó chur isteach polaitiúil.
- Ba cheart eagraíochtaí inniúla a bhfuil dea-chuntas teiste acu a bhogadh go mear trí mheasúnú.
- Ba cheart teorainn a bheith ar an leibhéal maoinithe d'aon tionscadal amháin chun a chinntiú go dtabharfar faomhadh do líon níos airde de thionscadal.
- Ba cheart Litir Thairisceana a bhronnadh ar thionscadail ar feadh ré iomlán an Chláir seachas ar feadh céimeanna ama; laghdódh sé sin an gá atá le roinnt iarratais agus measúnuithe éagsúla.
- Ba cheart do leibhéal mheasúnaithe agus d'amanna comhfhreagracha le haghaidh cinnteoireachta a bheith níos comhréirí don deontas atá á iarraidh.

- Moladh scóir mhéadaithe ualaithe a thabhairt do thréithe éagsúla, mar shampla: do cháilíocht na comhpháirtíochta atá á moladh, agus dóibh siúd a soláthraíonn a gcuid maoiniú meaitseála féin.

## Breithmheasanna Eacnamaíochta

- Níl an próiseas faofa eacnamaíochta oiriúnach do thorthaí síochána a thomhas.
- Cuireann an faomhadh eacnamaíochta béim mhíchuí ar thionchair eacnamaíochta in ionad tionchair shíochána agus tionchair chomhoibrithe trasteorann.
- Níl eolas ná tuiscint ag eacnamaíthe ar chuir chuige shíochána;
- Díríonn an próiseas breithmheasa eacnamaíochta (agus comhairleoirí eacnamaíochta) go mór ar Thuaisceart Éireann, agus ní thugtar go leor airde ar thionchair ar fud dlínsí eile.
- Níl na breithmheasanna eacnamaíochta comhréireach don leibhéal maoinithe atá á iarraidh. Réiteach simplí a bheadh sna teorainneacha a thionscnaíonn breithmheas eacnamaíochta a ardú.
- Gineann an próiseas breithmheasa eacnamaíochta roinnt tuairimí éagsúla nach gcuireann an oiread sin luacha leis an bpróiseas foriomlán.
- Mar gheall ar chomhairliúchán le gníomhaireachtaí reachtúla eile le linn an phróisis bhreithmheasa eacnamaíochta, tarlaíonn sé go minic gur tuairimí pearsanta, seachas tuairimí corparáideacha, a bhíonn á gcur in iúl, rud a thugann crosadh éifeachtach ar thionscadail do ghníomhaireachtaí.
- Is gá tuilleadh airde a thabhairt do straitéis soláthair a chur le chéile do na Cláir. D'fhéadfadh go mbeadh ról ag an Stiúrthóireacht Lárnach Soláthair maidir leis sin.
- Cuireann an gá atá le measúnuithe VFM le haghaidh comhphárteanna aonair tionscadail moill eile ar an bpróiseas.

## Ról na Ranna Cuntasacha

- Luaigh cuid mhór de na freagróirí go bhfuil gá le próiseas cinnteoireachta amháin a chuimsíonn ranna rialtais a bheith ann.
- Sa chás go bhfuil maoiniú meaitseála á chur ar fáil ag ranna rialtais, ní mór dóibh a bheith páirteach níos luaithe sa chóras i.e. ag an gcéim iarratais tionscadail. Ba cheart go gcabhródh sé sin le diúltuithe a chosc ag céim níos déanaí.
- Níl deis ag iarratasóirí ionchur a dhéanamh i bpróiseas cinnteoireachta na Roinne Cuntasáí. Ba cheart don chuid seo den phróiseas a bheith níos trédhearcaí.
- Níor cheart do mheasúnú Roinne a dhírú ar shaincheisteanna a bhaineann le dlínse amháin, ach ba cheart dó nádúr trasteorann an Chláir a chur san áireamh.

## Tuairimí Eile

- Dá gcuirfí grúpa thrípháirteach bainistíochta, ina mbeadh gach ceann de na trí dhlínse (An Roinn Airgeadais agus Pearsanra / An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe / Rialtas na hAlban) ar bun, dhéanfaidh sé maoirseacht úsáideach ar chur chun feidhme an chláir.
- Is dea-fhorbairt é fíorú bunaithe ar riosca, ach is rófhada atá an t-am a thógtar idir fíorú agus íocaíocht.
- Ionad Saineolais Soláthair (COPE) a fhorbairt do Réigiún Teorann na hÉireann.

- Ba cheart seiceálacha réamhchonartha a bheith mar chuid dhílis den phróiseas iarratais ionas gur féidir Litreacha Tairisceana a eisiúint níos tapa.

## **Ceist 9a: Tabhair moltaí maidir leis na socruithe le haghaidh maoiniú meaitseála. Ar cheart leanúint ar aghaidh leis na socruithe atá ann cheana féin le haghaidh maoiniú meaitseála a fhoinsiú, nó ar cheart cuid den mhaoiniú meaitseála nó an maoiniú meaitseála ar fad a bheith soláthraithe ag an iarratasóir (poiblí nó príobháideach)?**

Bhí raon tuairimí éagsúla ag freagróirí i leith maoiniú meaitseála, agus cuireadh tuairimí difriúla in iúl don dá chlár.

I gcás chlár PEACE, bhí formhór na bhfreagróirí i bhfabhar leanúint ar aghaidh leis na socruithe atá ann cheana féin le haghaidh maoiniú meaitseála i.e. iad a bheith á soláthar go lárnach ag ranna rialtais. Tugadh faoi deara go bhfuil sé deacair d'eagraíochtaí beaga san earnáil phobail agus dheonach a gcuid maoiniú meaitseála féin a fhoinsiú. Luadh go mbeadh fíordheacracht ag údaráis áitiúla i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn maidir le maoiniú meaitseála a sholáthar mar gheall ar na brúnna buiséid atá orthu faoi láthair. Tugadh faoi deara go ndéanann údaráis áitiúla rannchuidiú mór leis an gclár cheana féin, ó thaobh am foirne de agus i dtéarmaí riosca buiséid a iompar. Mhol an Líonra Pobail Tuaithe cur chuige malartach, is é sin, gur cheart breithniú a dhéanamh ar chur chuige srathach, rud a d'fhágfadh go mbeadh ar na tionscadail ba mhó a gcuid maoiniú meaitseála féin a fhoinsiú.

Bhí na tuairimí i bhfad níos éagsúla i gcás chlár INTERREG. D'aontaigh roinnt freagróirí leis na tuairimí siúd a cuireadh in iúl faoi chlár PEACE maidir leis na buntáistí a bhaineann le maoiniú meaitseála a bheith á sholáthar go lárnach. Thug freagróirí eile faoi deara na buntáistí a bhaineann iarratasóirí as a gcuid maoiniú meaitseála féin a sholáthar. Bhí sé sin amhlaidh go háirithe i gcás fhreagróirí na hAlban a bhfuil taithí acu i maoiniú meaitseála a sholáthar (ach gan a bheith teoranta dóibh). I measc na mbuntáistí a luadh, bhí an bhraistint úinéireachta tionscadail níos mó ar thaobh an iarratasóra. Ina theannta sin, thug formhór na bhfreagróirí a mhol an cur chuige sin faoi deara go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le laghdú tairbhiúil a dhéanamh ar an tionchar a imríonn na Ranna Cuntasacha sa phróiseas cinnteoireachta, agus go bhféadfadh sé amanna próiseála foriomlána a bhrostú. Nascadh é

sin leis an imní a cuireadh in iúl go bhfuil maoiniú meaitseála ag tabhairt cirt do ranna cuntasacha faomhadh tionscadal a chrosadh. Moladh go bhfuil gá le treoir mhéadaithe a bheith ann ar ról na Ranna Cuntasacha maidir leis sin.

D'iarr líon suntasach de na freagróirí cur chuige níos solúbtha i leith maoiniú meaitseála i gclár INTERREG. Ina measc, moladh gur cheart raon ranníocaíochtaí comhpháirtithe, idir 0% agus 25%, a bheith ann, agus gur cheart tionscadail níos mó leibhéal níos airde maoinithe meaitseála a sholáthar. Sholáthrófaí an chuid eile den mhaoiniú go lárnach.

Moladh freisin maoiniú príobháideach meaitseála a sholáthar agus ranníocaíochtaí comhchineáil a chuimsiú. Tugadh faoi deara go bhféadfadh cuimsiú an mhaoinithe phríobháidigh meaitseála rannpháirtíocht cuideachtaí príobháideacha a spreagadh (agus d'fhéadfadh sé cabhrú leo a gcuid clásail freagrachta sóisialta corparáidí a chomhlíonadh). D'fhéadfadh an cur chuige forbartha áitiúla pobaltréoraithe éascú a dhéanamh ar ghíaráil an mhaoinithe meaitseála ag leibhéal áitiúil.

Mhol líon beag de na freagróirí mionleasuithe eile ar an gcóras atá ann cheana féin. Moladh gur cheart maoiniú meaitseála a sholáthar ó roinn lárnach amháin (i.e. “comhthiomsaithe go lárnach”) seachas ó raon ranna éagsúla mar atá amhlaidh faoi láthair. Mhol freagróir eile gur cheart maoiniú meaitseála a bheith daingnithe agus “ar an tábla” tráth an iarratais. Bhí mionleasú ar an togra sin a d'fhág go mbeadh dearbhú maoinithe meaitseála ag teastáil ó thionscadal ionas gur féidir leis bogadh ó Céim 1 go Céim 2 (sa chuireadh is déanaí ag INTERREG).

Moladh freisin gur cheart “maoiniú bearna” a úsáid chun an leibhéal cúnaimh dheontais, gan aon ráta réamhshocraithe idirghabhála a bheith ann, a ríomh toisc go ndéanfaid sé sin an soláthar maoinithe meaitseála a uasmhéadú agus rátaí deontais a laghdú.

## **Ceist 9b: Cad iad do thuairimí maidir le húsáid ionstraimí airgeadais i gclár INTERREG agus / nó i gclár PEACE?**

Thug líon níos lú de fhreagróirí freagra ar an gceist a bhaineann le hionstraimí innealtóireachta airgeadais (FEInna), agus luaigh roinnt acu nach raibh go leor faisnéis mhionsonraithe acu chun impleachtaí na n-ionstraimí airgeadais a thuiscint go hiomlán. Mar sin féin, léiríodh go ginearálta sna freagraí nach raibh FEInna oiriúnach do chlár PEACE, agus cuireadh imní in iúl go ndéanfaidís an scéal níos casta. Luaigh roinnt freagróirí an tábacht a bhaineann le maoiniú deontais iomlán a bheith ann chun tacú le gníomhartha



nuálacha laistigh de chlár PEACE (Ionad Tráma WAVE). Mar sin féin, chuir líon an-bheag de fhreagróirí (Comhairle Buirge Craigavon agus YESIP) in iúl go bhféadfadh FEInna, dá struchtúrófaí go cuí iad, ról a imirt i dtacú leis an ngeilleagar sóisialta agus leis an tríú hearnáil. D'ardaigh freagróir amháin (Comhairle Cathrach Dhoire) an fhéidearthacht a bhaineann le FEInna a úsáid le haghaidh athbheochan chathairbhunaithe agus cuireadh roinnt smaointe isteach maidir leis sin.

De na daoine siúd a thug freagra ar an gceist seo, bhí inní ghinearálta orthu go bhféadfadh FEInna cur le castacht an chlár, agus measadh go dtógfadh sé a lán ama chun ionstraimí oiriúnacha a bhunú. Chuir roinnt freagróirí in iúl go mbeadh na saincheistanna bunaithe níos casta i gclár trasteorann. Creideadh freisin go ndéantar rórialáil ar FEInna agus go bhfuil sé deacair iad a riar.

Bhí na tuairimí i bhfad níos éagsúla i gcás chlár INTERREG. Cé go raibh formhór na dtuairimí an-aireach go fóill, thug freagróirí áirithe faoi deara taithí dhearfach ó áiteanna eile e.g. Ciste lasachta Iarthar na hAlban. Tugadh faoi deara go raibh ról ag an gciste seo maidir le tacaíocht a thabhairt d'earnálacha a spriocdhíriú, ach gur tógadh méid suntasach ama chun é a chur chun feidhme. Ciste eile a luadh ba ea Micrea-Airgeadas Éireann. Thug líon beag de na freagróirí faoi deara go bhféadfadh FEInna a bheith úsáideach chun tacú le fiontair shóisialta agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide. Mhol freagróir amháin gur cheart na smaointe sin a iniúchadh leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) agus go bhféadfadh na hionstraimí a bheith oiriúnach do Chlár INTERREG, ina bhfuil éileamh soiléir orthu agus inar féidir le tionscadail ráta réasúnach toraidh a ghiniúint.

## **Ceist 10a: Cad iad do thuairimí maidir leis na moltaí seo chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin atá ar thairbhíthe i dtréimhse an chlár nua?**

Thapaigh cuid mhór freagróirí an deis anseo chun tuairimí níos leithne a thabhairt maidir le riarachán na gClár.

Téama coitianta a cuireadh in iúl ná go meastar faoi láthair go bhfuil maorlathas dochraideach agus micreabhainistíocht mar phríomhthréith ag na cláir. Bhí tuairim láidir go raibh an maorlathas díréireach, agus go raibh 'barraíocht' rialachán i bhfeidhm. Measadh go raibh an leibhéal comhlíonta níos airde ná mar a bhí i gCláir eile (Scottish Europa) agus go raibh úsáid pionós díréireach.

Luaigh roinnt freagróirí gur bhraith siad “amhras” agus “drochmhuinín” idir SEUPB agus tionscadail, in áit braistint chomhpháirtíochta agus mhuiníne. Thug roinnt freagróirí faoi deara gur cheap siad go raibh sé sin ag teacht salach ar éiteas chlár PEACE.

Sa chás go bhfuair comhlachtaí poiblí cúnamh deontais, tugadh faoi deara nár aithin Clár PEACE na rialuithe airgeadais a úsáideadh laistigh de na heagraíochtaí seo chun na milliúin punt d’airgead poiblí a bhainistiú agus gur éiligh sé nósanna imeachta leithleacha.

Cuireadh fáilte leathan roimh thabhairt isteach na rátaí comhréidhe le haghaidh forchostas agus roimh thabhairt isteach na gcostas aonaid chaighdeánaigh sa chlár reatha mar bhogadh sa treo ceart agus measadh gur cheart leanúint ar aghaidh leo agus iad a chur chun feidhme ar bhonn níos leithne.

Go ginearálta, bhí fáilte leathan roimh na simplithe a bhí á moladh (i.e. costais aonaid, cnapshuimeanna agus maoiniú ar ráta comhréidh). Ardaíodh roinnt ábhair spéisiúla rabhaidh maidir leis sin, áfach:

- D’fhéadfadh an cur chuige costais aonaid a bheith an-dírthe ar aschur, agus d’fhéadfadh nach dtabharfadh sé an oiread sin airde ar “phróiseas”. Baineann na gnéithe próisis seo go háirithe le clár PEACE (Comhairle Buirge Bhaile na Mainistreach)
- D’fhéadfadh costais foirne atá cothrom le 15% de chostais dhíreacha eile a bheith rótheorantach do chlár PEACE, ina bhfuil cuid mhór tionscadal dian ar fhoireann (Comhairle Buirge Bhaile na Mainistreach agus Comhairle Contae Shligigh)
- D’fhéadfadh an leibhéal forchostas atá beartaithe (20%) a bheith ró-íseal do Chlár PEACE. Moladh figiúr 25% (Pobal)
- Is féidir leis a bheith deacair rátaí comhréidhe a laghdú le haghaidh fothionscadal
- D’fhéadfadh sé a bheith deacair scálaí caighdeánacha costas aonaid a chur chun feidhme ar fud dhá dhlínse a bhfuil struchtúir éagsúla chostas acu
- Bheadh gá le tograí simplithe a mhíniú go soiléir d’iarratasóirí tráth an iarratais.

## **Ceist 10b: Tabhair moltaí breise maidir leis an dóigh ar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú.**

Bhí raon leathan moltaí eile a chlúdaigh cuir chuige ghinearálta i leith saincheisteanna an-sonrach.

## **Dírithe ar thorthaí**

Luaigh roinnt freagróirí go bhfuil gá le béim níos láidre a chur ar thorthaí seachas ar airgeadas. Ba cheart do chonarthaí a bheith dírithe ar aschur in ionad a bheith dírithe ar ionchur. Ina theannta sin, tugadh faoi deara nach mór do SEUPB comhpháirtíocht níos láidre a fhorbairt agus a thógáil le tionscadail agus a bheith ullamh chun am méadaithe foirne a thiomnú do bheith ag díriú ar aschur seachas iniúchadh. Ní raibh dóthain fianaise gur cloíodh le prionsabail na “Concordáide” idir an earnáil phobail agus dheonach agus earnáil phoiblí Thuaisceart Éireann (Líonra Pobail Tuaithe).

## **Dearbhú iniúchta**

Ba cheart do na nósanna imeachta rialaithe airgeadais a bheith in ann tuilleadh dearbhaithe a ghlacadh ó na comhlachtaí siúd a thagann faoi NIAO agus a bhfuil a gcuid feidhmeanna iniúchta inmheánaigh féin acu (Comhpháirtíocht PEACE Lios na gCearrbhach / an Chaisleáin Riabhaigh). Thug freagróir eile faoi deara go bhfuil na socruithe iniúchta atá ann faoi láthair ag teacht salach ar mholtaí NIAO maidir le riosca ar cóimhéid. Thug freagróir eile faoi deara an cur chuige atá ag an DSD i leith tionscadail ardriosca, tionscadail mheánriosca agus tionscadail ísealriosca agus mhol sé cur chuige den chineál céanna a ghlacadh chun eolas a thabhairt d’fhíorú.

## **Grúpaí beaga**

Thug roinnt freagróirí faoi deara an tábhacht a bhaineann le grúpaí beaga do chlár PEACE. Tá tacaíocht bhreise ag teastáil ó na grúpaí seo chun freastal ar na riachtanais riaracháin. Mar sin féin, thug roinnt freagróirí faoi deara nár ghá do gach grúpa Litir Thairisceana a bheith aige, agus go bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as éascaitheoirí pobail agus as samhail leithdháilte acmhainne, ionas nach mbeadh ar ghrúpaí beaga dul i ngleic le saincheisteanna airgeadais nó fostaíochta. (Comhairle Contae Mhuineacháin/Pobal).

## **Coinneáil cáipéisí leictreonacha**

Chuir líon suntasach de na freagróirí in iúl go raibh frustrachas orthu nár glacadh le cáipéisí leictreonacha go minic. Tá córais chuntasaíochta leictreonaí forleathan in eagraíochtaí móra anois. Éilíonn na cláir cáipéisí páipéir go fóill, áfach.

## **Soláthar**

Meastar go bhfuil rialacha soláthair dolúbtha agus ró-chasta. Tá sé seo i bhfad níos deacra laistigh de chlár INTERREG toisc go bhfuil feidhm ag rialacha éagsúla i ndlínsí éagsúla. Thug roinnt freagróirí faoi deara go raibh rialacha soláthair an chláir ag teacht salach ar

chleachtas údarás áitiúla a nglactar leo. Thug freagróirí faoi deara freisin go bhfuil luí ag rannpháirtíocht an CPD (an Stiúrthóireacht Lárnach Soláthair) le soláthar a mhoilliú. Moladh gur cheart tairseacha soláthair a mhéadú freisin.

### **Oiliúint agus tacaíocht**

Mhol freagróirí gur cheart cumarsáid a fheabhsú idir tionscadail agus SEUPB, agus d'iarr siad tacaíocht agus oiliúint bhreise chun freastal ar riachtanais an Chláir. Ba cheart tuilleadh tacaíocht réamhiarratais a bheith ann trí laethanta oscailte agus seimineáir a réachtáil. Ina theannta sin, tá tuilleadh oiliúna agus tacaíochta ag teastáil ó Phríomh-Chomhpháirtithe le linn cur chun feidhme ionas gur féidir leo a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Ba cheart do Chás-Oifigigh SEUPB a bheith i láthair ag tuilleadh imeachtaí tionscadail ionas gur féidir leo tuiscint níos fearr a fháil ar na tionscadail. Is féidir dea-chleachtas riaracháin a chomhroinnt idir Príomh-Chomhpháirtithe freisin. Chomh maith leis sin, ba cheart do SEUPB comhsheasmhacht ó thaobh cur chuige de a chinntiú le himeacht ama agus idir aonaid éagsúla laistigh den eagraíocht. Bheadh sé tairbheach dá mbeadh tuilleadh deiseanna ann le haghaidh aiseolas struchtúrtha a fháil d'fhonn córais chlár a fheabhsú.

### **Moltaí sonracha**

- Ní mór tuilleadh airde a thabhairt do dheardh na bhfoirmeacha chun iad a dhéanamh níos áisiúla don úsáideoir – moladh sain-ionchur seachtrach dearaidh a úsáid
- Níl an bunachar sonraí Systems 2007 úsáideach do thionscadail; is córas ionchuir amháin é agus ní féidir ach tuairisciú teoranta a dhéanamh ar thionscadail
- Ba cheart polasaí caighdeánach taistil agus cothabhála a bheith ann ar fud an chlár, in áit an pholasaí atá ann faoi láthair a fhágann go bhfuil polasaithe éagsúla á n-úsáid ag comhpháirtithe éagsúla laistigh den tionscadal céanna
- Tá tuilleadh solúbthachta ag teastáil i mbainistíocht buiséid le gur féidir aistrithe níos éasca a éascú idir línte buiséid
- D'fhéadfadh SEUPB freagracht a tharmligean chuig gníomhaithe cur chun feidhme eile
- Meastóireachtaí iarthionscadail a ghiorrú agus a shimpliú
- An riachtanas atá le foirmeacha fáilteachais a bhaint
- Íocaíochtaí BACS a dhéanamh éigeantach do na comhpháirtithe tionscadail uile
- Tá maoiniú ón AE níos oiriúnaí do thionscadail níos mó agus níos straitéisí, a bhfuil ualach níos lú riaracháin i gceist leo
- D'fhéadfadh comhsheachadadh an dá chlár laghdú a dhéanamh ar na costais fhoriomlána riaracháin
- Sa chás go bhfuil comhpháirtí páirteach i níos mó ná tionscadal amháin, ba cheart laghdú a dhéanamh ar an riachtanas atá leis an bhfaisnéis chéanna a sholáthar ar roinnt ócáidí éagsúla.

## **Ceist 11: Déan cur síos ar aon ghníomhartha a d'fhéadfadh na cláir a dhéanamh chun comhdheiseanna a chur chun cinn, lena n-áirítear gné na hinscne a chomhtháthú agus idirdhealú a chosc nuair atá cláir á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme?**

D'fhreagair mionlach de na freagróirí an cheist seo. Tugadh tacaíocht ghinearálta sna freagraí a fuarthas do na cuir chuige chomhionannais ar ghlac na cláir leo go dtí seo, ach tugadh roinnt moltaí le haghaidh feabhsuithe.

Measadh gur cheart do thionscadail tacú go gníomhach le comhionannas. Mar sin féin, cheap roinnt freagróirí go bhfuil fianaise go bhfuil cultúr comhlíonta ann (“bosca a thiceáil”, “an chuid is lú a dhéanamh”) agus nach bhfuil comhionannas á chomhtháthú sa timthriall tionscadail. D'aithin roinnt freagróirí an gá atá le tuilleadh oiliúna. Moladh gur cheart d'iaratasóirí agus do phríomh-chomhpháirtithe saintacaíocht (oiliúint agus sraith straitéisí) a fháil i réimse an chomhionannais. Luadh go bhfuil oiliúint i bhfrithchiníochas agus i bhfrithsheicteachas ag teastáil ó Phríomh-Chomhpháirtithe. Tugtar faoi deara go bhfuil saibhreas taithí agus dea-chleachtais le fáil laistigh de thionscadail aonair, ach nach bhfuil aon mheicníocht chun an taithí sin a chomhroinnt ar fud an chlár chun tairbhe do thionscadal eile. Bhí an taithí sin ina mór-acmhainn nár baineadh leas aisti sa Chlár. Moladh freisin gur cheart d'fhoireann SEUPB oiliúint feasachta míchumais a fháil.

Moladh gur cheart d'oiliúint chomhionannais a bheith éigeantach do gach ball de choistí (Coistí monatóireachta, Coistí Stiúrtha, painéil roghnúcháin etc). Mhol roinnt freagróirí gur cheart cuótaí inscne ar Bhoird Chomhpháirtíochta a bheith ann, agus gur cheart ionadaíocht íosta ó ghrúpaí mionlaigh a bheith ann. Tá tacaíocht ag teastáil ó obair an “ghrúpa oibre comhionannais” (de chuid Choiste Monatóireachta an Chláir) freisin.

Bhí moltaí freisin maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí, lena n-áirítear úsáid a bhaint as eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil an saineolas is gá acu chun torthaí a phromhadh ó thaobh comhionannais de, agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thairbhíthe de réir inscne.

I gcás inrochtaineachta, bhí moltaí maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí aistritheora agus maidir lena chinntiú go bhfuil fáil acu siúd a bhfuil lagú céadfach orthu ar na tionscadail uile.

Rinne roinnt freagróirí moltaí a bhain le grúpaí comhionannais ar leith nó le grúpaí sainleasa eile. Tá siad seo liostaithe thíos:

- Ba cheart níos mó béime a chur ar chomhionannas teanga sa chlár. Tugadh faoi deara gur féidir an Ghaeilge a úsáid ar mhaithe le comhionannas inscne a chur chun cinn. Moladh gur cheart don dá chlár cabhrú go réamhghníomhach le forbairt agus le cur chun cinn na Gaeilge.
- Bhí gá le beart sonracha maoinithe a bheith ann chun cur leis an ról atá ag mná i gcothú síochána, in athmhuintearas agus i saol pobail. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar rún 1325 na Náisiún Aontaithe agus ar CEDAW. Ba cheart maoiniú a dháileadh chun dul i ngleic le gannionadaíocht na mban i saol poiblí agus i saol polaitiúil.
- Moladh go raibh gannionadaíocht i measc iarfhórsaí slándála agus a gcuid teaghlach sna cláir.
- Moladh go raibh gá le himscrúdú cuí iomlán a dhéanamh d'fhonn gannionadaíocht grúpaí agus earnálacha, agus na cúiseanna a bhí taobh thiar den ghannionadaíocht sin, a aithint. Thug an freagróir céanna faoi deara an tábhacht a bhaineann le gach iarratas a mheasúnú ar chritéir oibiachtúla cháilíochta.
- Thug freagróir faoi deara nach ionann comhionannas agus cothromas, agus nach mór maoiniú a dháileadh ar bhonn cháilíochta an iarratais agus nár chóir é a roinnt de réir línte seicteacha.

## **Ceist 12: Déan cur síos ar aon ghníomhartha a d'fhéadfadh na cláir a dhéanamh chun an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú nuair atá an dá chlár á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme?**

D'fhreagair líon beag de na freagróirí an cheist seo.

Tugadh faoi deara go n-éiríonn go réasúnta maith leis an measúnú a dhéantar faoi láthair ar thionscadail chomhshaoil. Mar sin féin, bhí gá le tuilleadh oiliúna a chur ar Phríomh-Chomhpháirtithe agus le tuilleadh tacaíochta agus pacáí eolais a chur ar fáil do Phríomh-Chomhpháirtithe nuair atá tionscadail á gcur chun feidhme. Tugadh faoi deara Straitéis Bithéagsúlachta an AE, agus go bhféadfadh tionscadail cur leis an straitéis sin. Aithníodh, ar a laghad ar bith, nár cheart bithéagsúlacht a chailleadh mar thoradh ar thionscadail.

Moladh promhadh tuaithe a ionchorprú i measúnú tionscadal. Bhí roinnt moltaí sonracha eile:

- Ba cheart prionsabail an “cheannaigh ghlais” a ionchorprú i ngach soláthar;
- Ba cheart próifíl níos airde i dtionscadail chaipitil tógála a bheith ag inbhuanaitheacht chomhshaoil

- Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbunachar sonraí lárnach, go háirithe maidir le tuairisciú;
- Ba cheart níos mó úsáide a bhaint as físchomhdháil.

## **Ceist 13 agus Ceist 14: Tuairimí Breise**

Bhí líon beag de thuairimí breise, agus ionchorpraíodh cuid mhór díobh i bhfreagraí in áiteanna eile. Tugtar dhá thuairim bhreise faoi deara anseo, áfach:

- Tá líne chósta an-leathan sa cheantar atá incháilithe; ba cheart é sin a léiriú sa téama láidir muirí atá i gClár INTERREG.
- Tá gá leis an dea-chleachtas agus le taithí a chomhroinnt ar bhealach níos fairsinge ar fud an Chláir.

# Aguisíní



## Aguisín 1 – Liosta Imeachtaí Comhairliúcháin

Dáta	Imeacht
Dé Máirt an 4 Meán Fómhair 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí, Teampall Phádraig
Dé Máirt an 11 Meán Fómhair 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí, Londaindoire/Doire
Dé Máirt an 18 Meán Fómhair 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí, Béal Feirste
Dé hAoine an 21 Meán Fómhair 2012	Cur i láthair os comhair Fhochoiste Thuaidh /Theas Thionól Réigiúnach BMW
Dé Luain an 24 Meán Fómhair 2012	Ceardlann chomhairliúcháin do Bhaill de Ghrúpa Stiúrtha Forbartha an Chláir
Dé Máirt an 25 Meán Fómhair 2012	Ceardlann chomhairliúcháin do Chomhpháirtíocht INTERREG COMET
Dé Máirt an 2 Deireadh Fómhair 2012	Cur i láthair os comhair Bhainisteoirí Braisle agus Chathaoirligh Bhraisle PEACE III
Déardaoin an 4 Deireadh Fómhair 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí, Inverness
Dé hAoine an 5 Deireadh Fómhair 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí, Glaschú
Dé Luain an 8 Deireadh Fómhair 2012	Ceardlann chomhairliúcháin do bhraisle PEACE an Dúin Thuaidh / na nArd / an Dúin
Déardaoin an 11 Deireadh Fómhair 2012	Ceardlann chomhairliúcháin do chomhpháirtíocht INTERREG Réigiún na Teorann Thoir
Dé Máirt an 23 Deireadh Fómhair 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí, Baile Dhún na nGall
Déardaoin an 25 Deireadh Fómhair 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin Phoiblí, Ard Mhacha

Fómhair 2012	
Dé Céadaoin an 31 Deireadh Fómhair 2012	Cur i láthair os comhair Bhraisle PEACE Mhachaire Fíolta
Dé Céadaoin an 31 Deireadh Fómhair 2012	Cur i láthair os comhair Údarás Réigiúnach na Teorann
Déardaoin an 1 Samhain 2012	Ceardlann chomhairliúcháin do Bhraislí PEACE Mhuineacháin / Lú / Ard Mhacha
Dé hAoine an 2 Samhain 2012	Ceardlann Chomhairliúcháin do Ghrúpa Trasteorann ICBAN
Déardaoin an 8 Samhain 2012	Cur i láthair os comhair Chumann Pobail Chéide Nelson
Dé hAoine an 9 Samhain 2012	Cur i láthair os comhair an Choimisiúin um Íospartaigh agus Marthanóirí

## Aguisín 2 - Liosta Freagróirí Comhairliúcháin

### Freagróirí Comhairliúcháin:

Tabhair faoi deara go bhfuarthas 173 freagra. Chuir roinnt eagraíochtaí níos mó ná freagra amháin isteach, ach níl na heagraíochtaí sin liostaithe ach uair amháin.

1. An Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha (AFBI)
2. Comhairle Argyll & Bute
3. Aisling Ghéar: An Compántas Amharclainne
4. Páirtí na Comhghuaillíochta
5. Amharclann Ghaoth Dobhair – Téatar
6. An Gaeláras
7. Anonymous
8. Comhairle Buirge na nArd
9. Comhairle Buirge na nArd
10. Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha
11. Comhairle Buirge an Bhaile Mheánaigh
12. Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna
13. Comhairle Cathrach Bhéal Feirste/COMET
14. Tionól Réigiúnach BMW
15. Údarás Réigiúnach na Teorann
16. Cairde Teo
17. Fiontair Mhuirí Chairlinn Teo.
18. Cumann Pobail Charn Tóchair
19. Comhairle Buirge Charraig Fhearghais
20. Comhairle Buirge Charraig Fhearghais
21. Comhairle Buirge an Chaisleáin Riabhaigh
22. Fóram Pobail an Chabháin
23. Comhairle Contae an Chabháin
24. Bord Fiontar Contae an Chabháin agus Ionad Nuálaíochta agus Teicneolaíochta an Chabháin
25. Comhpháirtíocht PEACE III an Chabháin
26. CAWT
27. An Lárionad um Shláinte Tuaithe, Ollscoil Obar Dheathain
28. An Lárionad um Staidéar Trasteorann
29. Ceoltóirí Luraigh
30. Ciste Infheistíochta Gaeilge
31. Club Óige Luraigh
32. Lónra Pobail Chontae Mhuineacháin
33. Coiste na nIarchimí
34. Comhfhreagra ó chúig Ghrúpa Trasteorann
35. Comhairle Buirge Chúil Raithin
36. Comhairle na Gaelscolaíochta
37. Comhairle nan Eilean Siar

38. Comhaltas Uladh
39. An Coimisiún um Íospartaigh agus Marthanóirí do TÉ
40. An Chomhairle um Chaidreamh Pobail
41. Conradh na Gaeilge
42. Comhoibriú Éireann
43. Comhpháirtíocht PEACE Chontae Liatroma
44. Comhairle Buirge Craigavon
45. Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
46. An Páirtí Aontachtach Daonlathach
47. An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
48. An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
49. An Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta
50. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
51. An Roinn Comhshaoil – Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann
52. An Roinn Forbartha Réigiúnaí
53. An Roinn Forbartha Sóisialta
54. An Roinn Sláinte agus Leanaí
55. An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
56. An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
57. An Roinn Dí agus Cirt
58. An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
59. Comhairle Cathrach Dhoire agus Bord Straitéise Dhoire-Londaindoire
60. Forbairt Spóirt Chomhairle Cathrach Dhoire
61. Comhairleach Forbartha
62. Dúshlán Éagsúlachta, tionscadal AFTERMATH
63. Comharchumann Oibrithe Pobail Dhún na nGall
64. Comhairle Contae Dhún na nGall
65. Comhairle Ceantair an Dúin
66. DULRA – comhairleacht comhshaoil
67. Comhpháirtíocht Pobail Duncairn
68. Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT)
69. Comhairle Baile Dhún Dealgan
70. Comhairle Buirge Dhún Geanainn agus Thír Eoghain Theas, freagra PEACE
71. Na Luathbhlianta
72. Réigiún na Teorann Thoir
73. ERNACT EEIG
74. FASA
75. Comhairle Ceantair Fhear Manach
76. Foras na Gaeilge
77. Gael Linn
78. Gaelscoil na gCeithre Máistrí
79. Gaelscoil Neachtain, Dún Geimhin
80. Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann
81. Glór Dhún Geimhin
82. Glór Léim an Mhadaidh
83. Glór na Móna
84. Glór na nGael
85. GRADAM an Iúir

86. Groundwork Thuaisceart Éireann
87. IBEC-CBI
88. Grúpa Trasteorann ICBAN
89. Freagra Aonair
90. Freagra Aonair
91. An tIonad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach (ICLRD)
92. An Scoil Idirnáisiúnta do Staidéar Síochána
93. Ionad na Gaeilge
94. Cumann Onnmhaiseoirí na hÉireann
95. Lá Nua
96. Comhairle Contae Liatroma
97. Comhairle Buirge Léim an Mhadaidh
98. Comhpháirtíocht PEACE III Lios na gCearrbhach-an Chaisleáin Riabhaigh
99. Comhairle Contae Lú
100. An Ghníomhaireacht Mhuirí agus Garda Cósta
101. Comhairle Contae Mhuineacháin
102. Naíscoil an Chaistil
103. Naíscoil Charn Tóchair
104. Naíscoil Dhún Pádraig
105. Naíscoil Mhachaire Rátha
106. Ionad Netwell
107. Comhairle an Iúir agus Mhúrn
108. Comhairle Buirge Bhaile na Mainistreach agus Comhpháirtíocht PEACE III CAN
109. Comhairle Thuaisceart Éireann um Ghníomh Deonach (NICVA)
110. Cumann Rialtais Áitiúil Thuaisceart Éireann (NILGA)
111. Comhairle Ayrshire Thuaidh
112. Comhpháirtíocht PEACE III an Dúin Thuaidh, na nArd agus an Dúin
113. Comhpháirtíocht an Oirthuaiscirt
114. Comhpháirtíocht PEACE III an Oirthuaiscirt (Comhairle Buirge Chúil Raithin)
115. Comhpháirtíocht PEACE III an Iarthuaiscirt
116. Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt
117. Comhpháirtíocht PEACE III an Oirthuaiscirt
118. Grúpa Bithéagsúlachta Thuaisceart Éireann
119. Nasc Comhshaoil Thuaisceart Éireann
120. Eagraíocht Fhéinics Thuaisceart Éireann
121. Comhairle Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann
122. Ógras
123. Ógras Oiriaila
124. Comhairle Ceantair na hÓmaí
125. Opportunity Youth
126. Optimum
127. Pobal
128. Pobal an Chaistil
129. Raidió Fáilte/Líonra Uladh
130. RNIB Thuaisceart Éireann
131. RSPB Thuaisceart Éireann
132. An Líonra Pobail Tuaithe
133. Comhpháirtithe Albanacha SAILWEST

134. Scotland Europa
135. Comhairle na hAlban um Eagraíochtaí Deonacha
136. Sinn Féin
137. Coiste Comhpháirtíochta Shligigh um Shíocháin agus Athmhuintearas
138. SOLACE Thuaisceart Éireann
139. Comhairle Ayrshire Theas
140. Comhpháirtíocht PEACE III an Iardheiscirt
141. Springboard Opportunities Teo.
142. Comhairle Ceantair an tSraitha Báin
143. Tar Abhaile
144. Na Boird Fiontar Contae
145. Iontaobhas Fhear Manach
146. Comhairle na nGarbhchríoch
147. An Líonra um Oiliúint do Mhná (TWN)
148. Páirtí Aontachtach Uladh agus Jim Nicholson MEP
149. Iontaobhas Fiadhúlra Uladh
150. Iontaobhas ULTACH
151. Ollscoil na nGarbhchríoch agus na nOileán
152. Ollscoil Uladh
153. Visit Scotland
154. WALK
155. Ionad Tráma WAVE
156. Comhpháirtíocht Coláistí Iarthar na hAlban
157. Fóram Eorpach Iarthar na hAlban
158. Women into Politics
159. Women Leading the Way
160. YESIP
161. Fiontraíocht Óige Thuaisceart Éireann
162. Tionscnaimh Óige
163. Obair d'Ógra Éireann- Muineachán
164. YouthLink TÉ
165. YouthNet

## Aguisín 3 – Liosta Smaointe Tionscadail a Cuireadh Isteach le haghaidh INTERREG V

Uimh.	Dírú Téamach	Tosaíocht Infheistíochta	Smaointe Tionscadail
1.	<b>Taighde agus Nuálaíocht</b>	<p>(a) feabhas a chur ar bhonneagar taighde agus nuálaíochta (R&amp;I) agus ar an gcumas chun sármhaitheas i dtaighde agus nuálaíocht a fhorbairt agus ionaid inniúlachta, go háirithe iad siúd a bhfuil leas Eorpach ag baint leo, a chur chun cinn;</p> <p>(b) infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht ag an lucht gnó, forbairt táirgí agus seirbhísí, aistriú teicneolaíochta, nuálaíocht shóisialta agus feidhmchláir don tseirbhís phoiblí, cothú éilimh, líonrú, braislí agus nuálaíocht oscailte a spreagadh trí speisialtóireacht chliste</p> <p>(c) tacú le taighde teicneolaíochta agus le taighde feidhmeach, le línte píolótacha, le gníomhaíochtaí luatha bailíochtaíthe táirge, le hardchumas monaraíochta agus le céadtáirgeadh in Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin agus le scaipeadh teicneolaíochtaí ilfheidhmeacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Mapáil Gheografach Mhuirí</li> <li>• Leanúint leis na tionscadail INIS Hydro agus Tallus</li> <li>• Taiscéalaíocht gheografach i gcomhair fuinneamh geiteirmeach</li> <li>• Geo-eolaíocht Uirbeach</li> <li>• Anailís imchuach ar CO2 a stóráil faoi thalamh</li> <li>• Comhpháirtíochtaí trasteorann nuálaíochta le haghaidh taighde agus forbartha i réimsí amhail: nuálaíocht mhuirí, teicneolaíochtaí leighis, fuinneamh in-athnuaite, tionscail chruthaitheacha)</li> <li>• Cur chuige comhtháite ilearnála i leith taighde agus nuálaíochta (ríomhréitigh agus réitigh theileasláinte a úsáid)</li> </ul>
2.	<b>Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide</b>	<p>(a) cur le húsáid leathanbhanda agus le cur chun feidhme líonraí ardluais</p> <p>(b) táirgí agus seirbhísí ICT agus ríomhthráchtáil a fhorbairt agus éileamh ar ICT a fheabhsú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár trasteorann um theilileighis ICT</li> <li>• Cábla snáthoptaice a leathnú (ag tógáil ar thionscadal Kelvin)</li> <li>• Leathanbhanda tuaithe a fhorbairt</li> <li>• Mol sonraí Pleanála Pobail</li> <li>• Leathnú agus leabú a dhéanamh ar an aistriú i</li> </ul>

		(c) feidhmchláir ICT a neartú le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais, ríomhfhoghlama, ríomhchuimsithe agus ríomhshláinte	dtreo seirbhísí sláinte ICT, róbataic sláinte agus teileamhonatóireachta
3.	<b>Iomaíochas na bhFiontar Beag agus Meánmhéide</b>	<p>(a) fiontraíocht a chur chun cinn, go háirithe trí shaothrú eacnamaíoch smaointe nua a éascú agus trí chruthú gnólachtaí nua a chothú</p> <p>(b) samhlacha nua gnó a fhorbairt d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, go háirithe samhlacha d'idirnáisiúnú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhoibriú trasteorann i leith micreagnólachtaí</li> <li>• Tacaíocht d'fhorbairt sheachtrach le haghaidh Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus micreagnólachtaí</li> <li>• Lárionaid uirbeacha agus tuaithe a athghiniúint</li> <li>• Crios trasteorann fiontraíochta</li> <li>• Conair Eacnamaíoch Straitéiseach Thír Eoghain Theas</li> </ul>
4.	<b>An t-aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin</b>	<p>(a) táirgeadh agus dáileadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn</p> <p>(b) éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide</p> <p>(c) tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus le húsáid fuinnimh in-athnuaite i mbonneagair phoiblí agus san earnáil tithíochta</p> <p>(d) córais dailte chliste ar mheánleibhéil voltais a fhorbairt</p> <p>(e) straitéisí ísealcharbóin a chur chun cinn le haghaidh ceantair uirbeacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An líonra leictreachais san Iarthuaisceart a leathnú</li> <li>• Athchóirithe ar thithe agus soláthairtí leictreachais agus teasa a dhíchárbónú, a réigiúnú agus a locáil</li> <li>• Feidhmíocht fuinnimh a bhunathrú</li> <li>• Gabháil agus stóráil carbóin</li> <li>• Fuinneamh inbhuanaithe</li> <li>• Moil fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt (Na Cealla Beaga)</li> <li>• Fuinneamh in-athnuaite agus Cóireáil Mheicniúil is Bhitheolaíoch le haghaidh dramhaíola</li> <li>• Fuinneamh in-athnuaite a bheith á úsáid ag Tionscadail 'Gás i dTreo an Iarthair'</li> <li>• Cur chuige comhtháite ilearnála i leith taighde agus pleanáil straitéiseach a dhéanamh ar chuir chuige atá tíosach ar fhuinneamh i leith áiseanna cúram sláinte nua agus reatha chun laghdú a</li> </ul>



			dhéanamh ar astuithe carbóin agus is féidir costais a atreorú chuig cúram othar
5.	<b>Oiriúnú don athrú aeráide, cosc ar riosca agus bainistíocht riosca</b>	<p>(a) tacú le hinfheistíocht thiomnaithe le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide</p> <p>(b) infheistíocht a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha, athléimneacht ó thubaistí a áirithiú agus córais bhainistíochta tubaistí a fhorbairt</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhspeicis agus spás aeráide</li> <li>• Tionscadail mhaolaithe tuilte</li> <li>• Acmhainn fuinnimh an uisce</li> <li>• Bearta maolaithe agus taighde ar an tionchar díobhálach a imríonn an aimsir ar an earnáil oidhreachta</li> </ul>
6.	<b>Cosaint an chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní</b>	<p>(a) aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shuntasacha infheistíochta san earnáil dramhaíola chun ceanglais an acquis chomhshaoil a chomhlíonadh</p> <p>(b) aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shuntasacha infheistíochta san earnáil uisce chun ceanglais an acquis chomhshaoil a chomhlíonadh</p> <p>(c) oidhreacht chultúrtha a chosaint, a chur chun cinn agus a fhorbairt;</p> <p>(d) bithéagsúlacht agus ithir a chosaint agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn, lena n-áirítear NATURA 200015 agus bonneagair ghlasa;</p> <p>(e) gníomh chun an timpeallacht uirbeach a fheabhsú, lena n-áirítear láithreáin athfhorbraíochta a athghiniúint agus truailliú aeir a laghdú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Mapáil trasteorann gnáthóige agus bainistíocht pleananna bainistíochta gnáthóige</li> <li>• Suíomhanna portaigh trasteorann a athchóiriú</li> <li>• Speicis Ionracha a Bhainistiú agus a Bhaint</li> <li>• Pleananna bainistíochta do bharcheantair</li> <li>• Tionscadail trasteorann bhainistíochta abhantraí</li> <li>• Scéimeanna trasteorann uisce</li> <li>• Tionscadail chun feabhas a chur ar cháilíocht ghnáthóga agus speicis na hEorpa (speicis fionnuisce agus mhuirí)</li> <li>• Infheistíochtaí chun oidhreacht chultúrtha a chosaint, a chur chun cinn agus a fhorbairt</li> <li>• Athchóiriú Canálacha Uladh</li> <li>• Iascach Oisrí Dúchasacha a fhorbairt</li> <li>• Deimhniú MSC le haghaidh obair mhuirí</li> <li>• Córais Rianaithe le haghaidh Iascach Oisrí Dúchasacha</li> <li>• Dobharshaothrú i Loch Feabhail</li> <li>• Glasbhealach Bhéal Feirste-Bhaile Átha Cliath (le haghaidh fuinneamh in-athnuaite)</li> <li>• Clár trasteorann comhshaoil</li> </ul>

7.	<b>Iompar inbhuanaithe agus scrogaill i bpríomhbhonneagair ghréasáin a bhaint</b>	<p>(a) tacú le Limistéar Iompair Eorpach Aonair ilmhódach trí infheistíocht a dhéanamh sa Ghréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T);</p> <p>(b) soghluaisteacht réigiúnach a fheabhsú trí nóid thánaisteacha agus threasacha a nascadh le bonneagar TEN-T;</p> <p>(c) córais iompair ísealcharbóin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt agus soghluaiseacht inbhuanaithe uirbeach a chur chun cinn</p> <p>(d) córas iarnróid uilechuimsitheach, ardchaighdeán agus idir-inoibritheach a fhorbairt</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tionscadail chun príomhghréasáin TEN-T a fheabhsú</li> <li>• Seirbhís trasteorann traenach a athchóiriú</li> <li>• Iompar inbhuanaithe idir oileáin in Iarthar na hAlban</li> <li>• Nasc traenach Bhéal Feirste – Dhoire a fhorbairt tuilleadh</li> </ul>
8.	<b>Fostaíocht agus soghluaisteacht lucht saothair a chur chun cinn</b>	<p>(a) gorlanna gnó a fhorbairt agus tacaíocht infheistíochta a thabhairt d'fhéinhostaíocht agus do chruthú gnó;</p> <p>(b) tionscnaimh forbartha áitiúla agus cabhair do struchtúir a chuireann seirbhísí comharsanachta ar fáil chun poist nua a chruthú, i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin taobh amuigh de raon feidhme Rialachán ESF</p> <p>(c) margaí saothair trasteorann a chomhtháthú, lena n-áirítear soghluaisteacht trasteorann, comhthionscnaimh fostaíochta áitiúla agus comhoiliúint</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár trasteorann fostaíochta óige</li> <li>• Spásanna oibre nua a fhorbairt do ghnólachtaí nuathionscanta</li> </ul>
9.	<b>Cuimsiú sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac</b>	<p>(a) infheistiú i mbonneagar sláinte agus sóisialta a rannchuidíonn le forbairt náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, sa chaoi sin ag laghdú éagothroime i dtéarmaí stádas sláinte, agus le trasdul ó sheirbhísí institiúide go seirbhísí pobalbhunaithe;</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhpháirtíochtaí trasteorann idirghníomhaireachta atá córasach agus straitéiseach a dhíríonn ar mhíchothromaíochtaí sláinte agus ar thorthaí sláinte a fheabhsú i seirbhísí do leanaí, i míchumas, i meabhairshláinte, i sláinte an daonra agus i</li> </ul>

		<p>(b) tacaíocht d'athghiniúint fhisiciúil agus eacnamaíoch pobal uirbeach agus tuaithe</p> <p>(c) tacaíocht d'fhiontair shóisialta</p> <p>(d) comhionannas inscne agus comhdheiseanna a chur chun cinn trasna teorainneacha uile, agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trasna teorainneacha</p>	<p>gcúram príomhúil agus i ndaoine scothaosta</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár trasteorann fiontraíochta sóisialta</li> <li>• Clár trasteorann cúram daoine scothaosta</li> <li>• Leathanbhanda do phobail tuaithe</li> <li>• Líonra trasteorann Gaeilge</li> <li>• Tionscadail an Gheilleagair Shóisialta</li> </ul>
10.	<b>Oideachas, scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil</b>	<p>a) infheistiú in oideachas, i scileanna agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí bhonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt</p> <p>b) comhscéimeanna oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhpháirtíochtaí Ardoideachais</li> <li>• Tionscadail chaipitil tógála chun cláir oideachais agus cláir éiceascoileanna a chur i gcrích</li> <li>• Oiliúint ghairmiúil ar fud na hearnála poiblí</li> <li>• Tuilleadh tionscadal a théann i ngleic le fadhbanna céadfacha</li> </ul>
11.	<b>Cumas institiúideach a fhorbairt agus riaracháin éifeachtúla phoiblí</b>	<p>a) feabhas a chur ar chumas institiúideach agus riarachán éifeachtúil poiblí trí chumas institiúideach agus éifeachtúlacht ranna riaracháin phoiblí agus seirbhísí poiblí a bhaineann le cur chun feidhme ERDF a neartú, agus trí thacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cumas institiúideach agus le héifeachtacht an riaracháin phoiblí a dtacaíonn ESF leo</p> <p>b) comhoibriú dlí agus riaracháin agus comhoibriú idir saoránaigh agus institiúidí a chur chun cinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Éifeachtúlacht san earnáil phoiblí trí sheirbhísí comhroinnte</li> <li>• Pleanáil Éigeandála</li> <li>• Tionscadail Ghabhála Sonraí</li> <li>• Comhphleananna Spáis</li> </ul>



## Aguisín 4 – Liosta Smaointe Tionscadail a Cuireadh Isteach le haghaidh PEACE

### V

Uim h.	Díriú Téamach	Tosaíocht Infheistíochta	Smaointe Tionscadail
3.	<b>Iomaíochas na bhFiontar Beag agus Meánmhéide</b>	<p>(a) fiontraíocht a chur chun cinn, go háirithe trí shaothrú eacnamaíoch smaointe nua a éascú agus trí chruthú gnólachtaí nua a chothú</p> <p>(b) samhlacha nua gnó a fhorbairt d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, go háirithe samhlacha d'idirnáisiúnú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Táirgí agus seirbhísí nua a shaothrú trí phiar-mheantóireacht agus trí chomhoibriú idir Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide</li> <li>• Fiontraíocht a chur chun cinn i scoileanna agus i gcoláistí</li> <li>• Tionscadail ina ngníomhaíonn gnólachtaí na hearnála príobháidí i gcáil chomhairleach agus tráchtála</li> </ul>
8.	<b>Fostaíocht agus soghluaisteacht lucht saothair a chur chun cinn</b>	<p>(a) gorlanna gnó a fhorbairt agus tacaíocht infheistíochta a thabhairt d'fhéinfhostaíocht agus do chruthú gnó;</p> <p>(b) tionscnaimh forbartha áitiúla agus cabhair do struchtúir a chuireann seirbhísí comharsanachta ar fáil chun poist nua a chruthú, i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin taobh amuigh de raon feidhme Rialachán ESF</p> <p>(c) margat saothair trasteorann a chomhtháthú, lena n-áirítear soghluaisteacht trasteorann, comhthionscnaimh fostaíochta áitiúla agus comhoiliúint</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cruthú agus inbhuanaitheacht fiontar beag agus meánmhéide i gceantair a bhfuil gá acu le hathghiniúint; lena n-áirítear micreaghorlanna agus tacaíocht infheistíochta a úsáid le haghaidh féinfhostaíochta</li> <li>• Fiontair shóisialta a dhíríonn ar dhaoine óga agus ar mhná</li> <li>• Scéimeanna socrúcháin oibre don óige a d'fhéadfaí a reáchtáil ar bhonn trasteorann</li> </ul>
9.	<b>Cuimsiú sóisialta agus bochtaineacht a</b>	<p>(a) infheistiú i mbonneagar sláinte agus sóisialta a rannchuidíonn le forbairt náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, sa chaoi sin ag laghdú éagothroime i dtéarmaí stádas sláinte, agus le trasdul</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Úsáid spáis chomhroinnte phoiblí a chruthú agus a chur chun cinn</li> <li>• Tionscadail phóilíneachta pobail</li> </ul>

	<p><b>chomhrac</b></p>	<p>ó sheirbhísí institiúide go seirbhísí pobalbhunaithe;</p> <p>(b) tacaíocht d'athghiniúint fhisiciúil agus eacnamaíoch pobal uirbeach agus tuaithe</p> <p>(c) tacaíocht d'fhiontair shóisialta</p> <p>(d) comhionannas inscne agus comhdheiseanna a chur chun cinn trasna teorainneacha uile, agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trasna teorainneacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Gníomhaíochtaí tionscadail a bhaineann le Rialachán 1325 na Náisiún Aontaithe d'fhonn méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban i gcinnteoireacht</li> <li>• Ionad Réigiúnach Tráma a bhfuil cáil dhomhanda air a fhorbairt, rud a bheadh dírithe ar dhul i ngleic le saincheisteanna tráma a bhaineann le coinbhleacht trí chur chuige iomlánaíoch, ildisciplíneach agus ilghníomhaireachta a úsáid</li> <li>• Malartuithe idirnáisiúnta taithí</li> <li>• Leanúint le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí d'íospartaigh agus do mharthanóirí</li> <li>• Moil phobail a fhorbairt</li> <li>• Pobail chomhéadain a athghiniúint agus a bhunathrú</li> <li>• Léiriú agus ceiliúradh cultúrtha atá cuimsitheach a chur chun cinn</li> <li>• Straitéisí comhtháite athghiniúna comhéadain a fhorbairt agus a sheachadadh</li> <li>• Tionscadail straitéiseacha atá dírithe ar fhorbairt spóirt agus ar chothú na sláinte</li> <li>• Tionscadail shonracha atá dírithe ar mheas ar an nGaeilge a chur chun cinn mar uirlis le haghaidh tuiscint agus athmhuintearas a thógáil idir pobail</li> <li>• “Ionad ceartais” a fhorbairt</li> <li>• Ceardlanna, seimineáir, díospóireachtaí agus comhdhálacha chun tuiscint a dhoimhniú ar shaincheisteanna a bhaineann le seicteachas, le ciníochas, le hilchineálacht, le réiteach coinbhleachta agus le hidirghabháil</li> <li>• Cláir imeachtaí agus ghníomhaíochtaí a dhíríonn ar ghrúpaí éagsúla chun caidreamh dearfach a thógáil agus chun feasacht a ardú trí chláir nuálacha spóirt agus áineasa, ealaíon agus</li> </ul>
--	------------------------	--	---

			<p>drámaíochta agus rannpháirtíochta pobail</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Infheistíocht i ngníomhachtú an mhargaidh shaothair agus i gcláir feabhsúcháin scileanna (bailte, sráidbhailte teorann etc.) agus i ndaoine dífhostaithe, go háirithe dífhostaíocht i measc na hóige</li> <li>• Gníomhaíochtaí trasphobail, trasteorann agus idirghlúine chun caidreamh dearfach a thógáil e.g. gairdíní pobail, tionscadail scéalaíochta, tionscadail scoile, tionscadail cheoil etc.</li> <li>• Rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a spreagadh</li> <li>• Oibriú le baill de ‘sheirbhísí gormsholais’ ar an thaobh den teorainn – ag tabhairt aghaidhe ar thionchar na coinbhleachta</li> <li>• Pleananna síochána pobalbhunaithe ar an gceantar áitiúil – ina mbeadh smacht ag grúpaí agus ag pobail áitiúla ar na saincheisteanna a dhéanann difear dá gcuid ceantar agus ina mbeadh pleananna láithreacha agus straitéiseacha á bhforbairt acu chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin</li> <li>• Sócmhainní pobail a fhorbairt – tá roinnt sócmhainní pobail áitiúil ann a d’fhéadfadh tacú le pobail chun dul i ngleic le saincheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha ina gcomharsanachtaí</li> <li>• Próisis síochána pobail atá ann cheana féin a chothú – tá sé tábhachtach nach ndéantar tionscnaimh áitiúla shíochána iomarcach agus/nó nach ndéantar slán díobh.</li> <li>• Tionscadail a dhíríonn ar eisiáimh sóisialta a laghdú i gceantair thuaithe</li> <li>• Carthanais a dhíríonn ar ghrúpaí atá eisiata go sóisialta agus a théann i ngleic leis na</li> </ul>
--	--	--	---

			<p>riachtanais iarmhartacha</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tionscadail idirghlúine a chuimsíonn saineolas daoine scothaosta na sochaí agus saineolas daoine óga.</li> </ul>
10.	<b>Oideachas, scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil</b>	<p>a) infheistiú in oideachas, i scileanna agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil trí bhonneagar oideachais agus oiliúna a fhorbairt</p> <p>b) comhscéimeanna oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Idirghabhálacha atá dírithe ar leanaí óga agus ar a gcuid tuismitheoirí</li> <li>• Dul i dteagmháil le daoine óga atá sa bhaol is mó – dul i ngleic le gnóthachtáil íseal oideachais i measc fir óga phrotastúnacha</li> <li>• Clár Oideachais le scoileanna agus deiseanna le haghaidh comhoibrithe agus cláir chomhroinnte idir scoileanna</li> <li>• Clár ceannaireachta óige</li> <li>• Tionscadail oideachais, oiliúna agus forbartha a fhorbairt do dhaoine óga, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste</li> <li>• Clár ‘infheistiú i ndaoine’</li> <li>• Margaí idirmheánacha saothair (ILManna) a sholáthar</li> <li>• Oiliúint agus tógáil cumais i gcás ciníochais, seicteachais, ilchineálachta agus réiteach coinbhleachta</li> <li>• Cláir oiliúna agus chumasúcháin ag leibhéal na hóige agus ag leibhéal an duine fhásta</li> <li>• An fhoghlaim a ghabháil – ba cheart meicníochtaí a cheadaíonn do ghrúpaí a gcuid próiseas a dhoiciméadú, a chur i láthair agus a léirmheas a bheith i bhfeidhm i gcláir amach anseo</li> <li>• Scéimeanna agus cúrsaí a dhíríonn ar scileanna gairme agus infhostaitheachta</li> </ul>



11.	<b>Cumas institiúideach a fhorbairt agus riaracháin éifeachtúla phoiblí</b>	<p>a) feabhas a chur ar chumas institiúideach agus riarachán éifeachtúil poiblí trí chumas institiúideach agus éifeachtúlacht ranna riaracháin phoiblí agus seirbhísí poiblí a bhaineann le cur chun feidhme ERDF a neartú, agus trí thacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cumas institiúideach agus le héifeachtacht an riaracháin phoiblí a dtacaíonn ESF leo</p> <p>b) comhoibriú dlí agus riaracháin agus comhoibriú idir saoránaigh agus institiúidí a chur chun cinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cláir thógála cumais institiúidigh – tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí atá páirteach i gclár PEACE</li> <li>• Cláir thógála cumais d'fhéiniúlachtaí aonair a thugann páirt sa chlár do na féiniúlachtaí dílseacha agus poblachtacha sin nach bhfuil páirteach ann faoi láthair</li> <li>• Cláir chaipitil oidhreachta a sholáthraíonn oidhrecht fhisiciúil don chlár ach a bhfuil cláir gníomhaíochta a bhaineann leis an gclár acu</li> </ul>
-----	---	---	--